# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2025

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Gnó

## Ardleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

Scéim Mharcála agus Nótaí Tacaíochta le húsáid leis an Scéim Marcála.

Agus an scéim mharcála agus na nótaí tacaíochta á mbreithniú is cóir na pointí a leanas a chur san áireamh:

- Níl na nótaí tacaíochta seo uileghabhálach ná críochnúil.

- **Ní** freagraí eiseamláireacha iad ach, ina ionad sin, sampla de fhreagraí féideartha atá iontu.

- I go leor cásanna ní thugann na nótaí tacaíochta ach príomhfhrásaí a chaithfidh a bheith i bhfreagra an iarrthóra chun na marcanna sannta a thuilleamh.

- **Déantar pointí ábhartha eolais eile a chuirfidh na hiarrthóirí i láthair a mharcáil agus a chúiteamh de réir fiúntais.**

- Braitheann na mionsonraí a theastaíonn in aon fhreagra ar an gcomhthéacs agus ar an gcaoi a gcuirtear an cheist, agus ar an líon marcanna atá ar fáil don fhreagra ar an scrúdpháipéar. D'fhéadfadh athrú teacht ar na riachtanais ó bhliain go bliain mar sin.

- Caithfidh gur úsáideadh focail, nathanna cainte nó frásaí sa chomhthéacs ceart agus nár tháinig siad salach ar a chéile, agus más léir nár úsáideadh i gceart iad nó gur tháinig siad salach ar a chéile, níor cheart na marcanna a bhronnadh.

- Ba chóir do scrúdaitheoir ar bith nach bhfuil cinnte faoin mbailíocht modha atá déanta ag iarrthóir áirithe le ceist áirithe teagmháil a dhéanamh lena Scrúdaitheoir Comhairleach.

Tá eolas sa tábla thíos maidir leis na nótaí mínithe a úsáidtear don mharcáil sa scéim mharcála.

| **Nóta mínithe** | **Úsáid** |
|---|---|
| ✓n | Gné cheart (n marc)/Freagra ceart |
| 0 | Gan aon mharc bronnta. Freagra mícheart nó neamhleor. |
|  | Leathanach feicthe ag an scrúdaitheoir / faisnéís neamhbhailí. |
| OF | Tuilltear marcanna de thoradh fhigiúr an iarrthóra féin. |
| [ | Freagra farasbairr/sa bhreis nó cuid de fhreagra. Bronnadh marcanna in áit eile. |
| L2 | 2 Marcanna a bronnadh as nascadh leis an téacs. |
| L3 | 3 Marcanna a bronnadh as nascadh leis an téacs. |
| L4 | 4 Marcanna a bronnadh as nascadh leis an téacs. |
| EVAL | Measúnú. |

**SCRÚDÚ NA HARDTEISTIMÉIREACHTA GNÓ ARDLEIBHÉAL 2025**
**SCÉIM MHARCÁLA**

**ROINN 1**
**(80 Marc)**
**Ní mór an roinn seo a fhreagairt.**
**Freagair ocht gceist. Tá 10 marc ag gabháil le gach ceist.**

| Ceist | Scéim | Marcanna |
|---|---|---|
| **1.** | 5@ 3,2,2,2,1 | 10 |
| **2.** | (a) 3+3 (b) 2+2 | 10 |
| **3.** | 5@ 3,2,2,2,1 | 10 |
| **4.** | 5@ 3,2,2,2,1 | 10 |
| **5.** | (3+2) (3+2) | 10 |
| **6.** | (3+2) (3+2) | 10 |
| **7.** | (a) 3+2 (b) 5@1 | 10 |
| **8 .** | (3+2) (3+2) | 10 |
| **9.** | (3+2) (3+2) | 10 |
| **10.** | (3+2) (3+2) | 10 |
| **11.** | (a) 3+3 (b) 2+2 | 10 |
| **12.** | (3+2) (3+2) | 10 |
| **Roinn 1** | **Marcanna Ar Fáil** | **80** |

**ROINN 2**
**(80 Marc)**
**Inis Bia**

| **Ceist ar an nGnó Feidhmeach (Aonaid 2, 3 & 4)<br>Ní mór an cheist seo a fhreagairt.** | | | **Uasmharc** |
|---|---|---|---|
| **(A)** | Tabhair breac-chuntas ar na scileanna/tréithe fiontraíochta a léirigh Pádraigín.<br>Bíodh tagairt agat don téacs i do fhreagra. | 4@5 (2+2+1)<br>Ainmnigh, Mínigh, Nasc | 20 marc |
| **(B)** | **(i)** Déan measúnú ar éifeachtacht na gcineálacha rialaithe bainistíochta atá i bhfeidhm ag Inis Bia. Bíodh tagairt agat don téacs i do fhreagra.<br>**(ii)** Mol slí a bhféadfaí cineál amháin rialaithe atá i bhfeidhm ag Inis Bia a fheabhsú. | 4@7(1+2+1+3)<br>Ainmnigh, Mínigh, Ceangail, Déan meastóireacht ar éifeachtúlacht<br><br>1@2m. Moladh | 30 marc |
| **(C)** | Cur síos ar fheidhmeanna na bainistíochta acmhainní daonna ag Inis Bia. | 5@6(2+2+2)<br>Ainmnigh, Mínigh, Nasc | 30 marc |
| **Roinn 2** | **Marcanna Ar Fáil** | | **80 marc** |

Agus freagraí á dtabhairt acu ar cheisteanna ar an CGF, ní mór d'iarrthóirí úsáid a bhaint as an eolas ábhartha agus as an tuiscint ábhartha a ghnóthaigh siad san ábhar agus staidéar á dhéanamh acu ar an gcúrsa, chomh maith leis na naisc ábhartha ón CGF.

I ndáil leis na naisc atá tugtha, **ní mór** dóibh a bheith ina n-athfhriotal sliocht / ina bhfrása / ina ráiteas díreach ábhartha ón CGF, a léiríonn go bhfuil tuiscint shoiléir ag na hiarrthóirí ar an bpointe (ar na pointí) teoirice a chuirtear i láthair. Tá naisc leithleacha / ar leith riachtanach i ngach roinn. Ní bhronntar marc as aon nasc gan teoiric ábhartha.

**ROINN 3**
**(240 marc)**

Freagair **ceithre** cheist as **Roinn 3** mar seo a leanas:
Ceist **amháin** as **Cuid 1**, Ceist **amháin** as **Cuid 2** agus **dhá** cheist eile as **Cuid 1** nó as **Cuid 2**. Tá na ceisteanna go léir ar cómharc.

## Cuid 1

## Daoine sa Ghnó / Timpeallacht Ghnó

| **Ceist 1**<br>**Daoine sa Ghnó** | | | **Uasmharc** |
|---|---|---|---|
| **(A)** | Léirigh do thuiscint ar na gnéithe riachtanacha a leanas de chonradh bailí.<br><br>Comaoin     Cumas Conraithe/Inniúlacht Conraithe<br>Toiliú le Conrú     Dlíthiúlacht foirme. | 4@5 (3+2) (4+1), (4+1), (3+2). (3+2) Ainmnigh, Sampla | 20 |
| **(B)** | Mínigh, agus samplaí á n-úsáid agat, na cineálacha éagsúla de ghníomhaíocht thionsclaíoch atá ann. | 4@5(2+2+1) Ainmnigh, mínigh, sampla | 20 |
| **(C)** | **(i)** Sainmhínigh idirdhealú faoi mar a leagtar amach é san Acht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998/2015.<br><br>**(ii)**Liostaigh ceithre fhoras, seachas aois agus gnéaschlaonadh, ar a bhfuil an t-idirdhealú toirmiscthe faoin acht sin. | 8+4<br><br><br>8 marc (3+3+1+1) | 20 |
| **C1** | **Marcanna Ar Fáil** | | **60** |

| Ceist 2<br>An Timpeallacht Intíre | | | Uasmharc |
|---|---|---|---|
| **(A)** | Léirigh an tuiscint atá agat ar na cineálacha seo a leanas d'eagraíochtaí gnó.<br><br>Comhpháirtíocht Trádálaí Aonair Saincheadúnas Cuideachta Phoiblí Theoranta | 4@5<br>(4+1).(4+1),<br>(3+2),(3+2)<br>Mínigh,<br>Sampla | 20 |
| **(B)** | Pléigh na buntáistí agus na dúshláin do ghnólachtaí na hÉireann a bhaineann le fostaíocht a mhéadú. | 4@5 (2+3)<br>Ainmnigh,<br>Mínigh | 20 |
| **(C)** | Tabhair breac-chuntas ar an gcaoi a bhféadfadh rialtas na hÉireann timpeallacht dhearfach a chruthú le haghaidh gnó. | 4@5 (2+2+1)<br>Ainmnigh,<br>Mínigh,<br>Sampla | 20 |
| **C2** | **Marcanna Ar Fáil** | | **60** |

| Ceist 3<br>An Timpeallacht Idirnáisiúnta | | | Uasmharc |
|---|---|---|---|
| **(A)** | **(i)** Agus úsáid á baint agat as samplaí, déan cur síos ar an difríocht idir treoir agus rialúchán mar chineálacha dlí san Aontas Eorpach (AE).<br><br>**(ii)** Mínigh ar an tionchar a bhíonn ag treoir sheanbhunaithe de chuid an AE ar ghnólachtaí Éireannacha. | 2@7 (4+3)<br>Gné, Sampla<br><br>1@6 (3+3)<br>Tionchar<br>Mínithe | 20 |
| **(B)** | Tabhair breac-chuntas ar an gcumasc margaíochta domhanda maidir le táirge de do rogha féin. | 4@5(2+2+1)<br>Gné, Mínigh,<br>Sampla | 20 |
| **(C)** | Léirigh na bacainní seo a leanas ar shaorthrádáil a d'fhéadfadh a bheith ann idir tíortha.<br><br>Trádbhac Cuóta Fóirdheontas Taraif | 4@5<br>(4+1),(4+1),<br>(3+2),(3+2)<br>Mínigh,<br>Sampla | 20 |
| **C3** | **Marcanna Ar Fáil** | | **60** |

| Ceist 4<br>Daoine sa Ghnó | | | Uasmharc |
|---|---|---|---|
| **(A)** | Léirigh gach ceann de na modhanna a ainmnítear thíos chun conradh a fhoirceannadh.<br>Feidhmíocht/Comhlíónta Dírathú Sárú conartha Comhaontú | 4@5<br>(4+1),(4+1),<br>(3+2),(3+2)<br>Mínigh,<br>Sampla | 20 |
| **(B)** | Agus úsáid á baint agat as sampla, mínigh na forais i gcomhair dífhostú a mheastar a bheith cóir faoi théarmaí an Achta um Dhífhostú Éagórach 1977/2015. | 4@5(2+2+1)<br>Foras,<br>Mínigh,<br>Sampla | 20 |
| **(C)** | **(i)** Mínigh an téarma caidreamh iomaíoch.<br><br>**(ii)** Mínigh na buntáistí a bhaineann gnólacht as caidrimh iomaíocha idir:<br>• Dhá sholáthraí<br>• Beirt fostaithe | 3+3<br><br>2@7(4+3) | 20 |
| **C4** | **Marcanna Ar Fáil** | | **60** |

| Ceist 5<br>Bainistíocht | | | Uasmharc |
|---|---|---|---|
| **(A)** | Pléigh na tosca a bhíonn le cur san áireamh nuair a bhíonn meán éifeachtach cumarsáide á roghnú. | 4@5 (2+3)<br>Ainmnigh,<br>Mínigh | 20 |
| **(B)** | Déan anailís LLDB i gcomhair gnólacht de do rogha féin. | 4@5(2+3)<br>Ainmnigh,<br>Tagairt | 20 |
| **(C)** | **(i)** Tabhair breac-chuntas ar na himpleachtaí a bhíonn ann nuair a chuireann bainisteoir Teoiric X McGregor i leith na bainistíochta i bhfeidhm.<br><br>**(ii)**Mínigh na tosca a mbíonn tionchar acu ar bhainisteoir chun cur chuige Theoiric X i leith na bainistíochta i bhfeidhm. | 2@5(2+3)<br>Ainmnigh,<br>Mínigh<br><br>2@5(2+3)<br>Ainmnigh,<br>Mínigh | 20 |
| **C5** | **Marcanna Ar Fáil** | | **60** |

| Ceist 6<br>Bainistíocht | | | Uasmharc |
|---|---|---|---|
| **(A)** | Tabhair breac-chuntas ar na cineálacha árachais ba chóir a bheith ag Óstán na Darach Ríoga. | 4@5<br>(4+1),(4+1),<br>(3+2),(3+2)<br>Ainmnigh,<br>Mínigh | 20 |
| **(B)** | Pléigh na straitéisí a úsáidtear chun athruithe a bhainistiú i ngnólacht. | 4@5(2+3)<br>Ainmnigh,<br>Mínigh | 20 |
| **(C)** | Ríomh gach ceann díobh seo a leanas do Gemma:<br>**(i)** An ÍMAT atá le híoc ag Gemma.<br>**(ii)** An méid iomlán MSU a íoctar.<br>**(iii)** An méid iomlán ÁSPC a íoctar.<br>**(iv)** An pá glan bliantúil a thugann Gemma abhaile. | <br>10 marc<br>6 mharc<br>2 mharc<br>2 mharc | 20 |
| **C6** | **Marcanna Ar Fáil** | | **60** |

| Ceist 7<br>Bainistíocht | | | Uasmharc |
|---|---|---|---|
| **(A)** | Pléigh na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le héadáil (táthcheangal) mar mhodh leathnaithe gnólachta. | 4@5(2+3)<br>Ainmnigh,<br>Mínigh<br><br>2 cheann do gach ceann de dhíth | 20 |
| **(B)** | Léirigh ceithre chéim, seachas seoladh, a d'fhéadfadh Glanbia a úsáid chun táirge nua a fhorbairt. | 4@5(2+2+1)<br>Ainmnigh,<br>Mínigh, Tagairt<br>/Sampla: | 20 |
| **(C)** | Pléigh an chaoi a bhféadfadh Iompar Rosc Teo. úsáid a bhaint as foinsí airgeadais meántéarmacha éagsúla le haghaidh a gcuid riachtanas meántéarmach. | 3@6(3+3)<br><br>Foinse, Mínigh<br><br>2@1m<br><br>Úsáidí as maoiniú meántéarmach | 20 |
| **C7** | **Marcanna Ar Fáil** | | **60** |

| Ceist 8<br>Bainistíocht | | | Uasmharc |
|---|---|---|---|
| **(A)** | **(i)** Mínigh an téarma punann táirgí.<br><br>**(ii)** Léirigh na modhanna éagsúla a bhaineann le deighilt an mhargaidh a úsáideann gnólachtaí ar nós Proctor agus Gamble. | 6(3+3)<br><br>2@7(2+3+2)<br>Modh, Mínigh, Tagairt | 20 |
| **(B)** | Déan cur síos ar na cúiseanna a ndéanann gnólacht taighde margaidh. | 3@5(3+2)<br>Ainmnigh, Mínigh | 15 |
| **(C)** | Léirigh iad seo thíos le cairt chóimheá:<br>**(i)** An pointe meá ar mheá<br>**(ii)** An lamháil sábháilteachta ag an aschur tuartha<br>**(iii)** An brabús ag an aschur tuartha | <u>Cairt Chóimheá:</u><br><br>Teideal 2m<br>Ais 1m<br>Ais 1m<br><br>CS 3m<br>CI 3m<br>II 3m<br><br>PC/PMM 4m<br>Brabús ag AT 4m<br>LS 4m<br><br>**NÓ**<br><u>Ríomhann a amháin:</u><br><br>PC/PMM 4m<br>Brabús ag AT 4m<br>LS 4m | 25 |
| **C8** | **Marcanna Ar Fáil** | | **60** |

**ROINN 1**
**(80 Marc)**

## Nótaí Tacaíochta

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Marcanna |
|---|---|---|---|---|
| **1** | | | Meaitseáil an dá liosta agus cuir an litir a bhaineann leis an míniúchán ceart faoin uimhir chuí thíos. | 3,2,2,2,1 |

| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 |
|---|---|---|---|---|
| D | E | A | C | F |

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Marcanna |
|---|---|---|---|---|
| **2** | **(a)** | | Mínigh an téarma Gnólacht Domhanda.<br><br>Soláthraíonn gnó domhanda an **táirge céanna, neamhdhifreáilte/caighdeánaithe ar fud an domhain**. Úsáideann sé straitéis mhargaíochta domhanda, a bhaineann leis an meascán margaíochta céanna nó uaireanta úsáideann sé **meascán margaíochta oiriúnaithe (táirge, praghas, áit, cur chun cinn)** ar fud an domhain chun branda domhanda a fhorbairt. | 3+3 |
| | **(b)** | | Ainmnigh **dhá** shampla de Ghnólachtaí Domhanda.<br><br>I measc samplaí de ghnólachtaí domhanda tá Coca Cola, Dell, Nike, Toyota, Microsoft, Intel, HP, Google, Apple, McDonalds agus Nokia. | 2+2 |

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Marcanna |
|---|---|---|---|---|
| **3** | | | I gcomhthéacs an ghnó, cad dó a seasann na litreacha a leanas?<br><br>GCA = Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe<br>CIN = Cuideachta Ilnáisiúnta<br>CGFÉ = Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann<br>CCC = Comhdháil na gCeardchumann<br>CBT = An Comhbheartas Talmhaíochta | 3,2,2,2,1 |

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Marcanna |
|---|---|---|---|---|
| 4 | | | Cuir ciorcal thart ar an **rogha cheart** i gcás g**ach** ceann de na ráitis seo a leanas. | 3,2,2,2,1 |
| | **(i)** | | Ní dhéantar sin | |
| | **(ii)** | | Dífhostaíocht | |
| | **(iii)** | | Níos airde | |
| | **(iv)** | | Éigeantach | |
| | **(v)** | | Lúide | |

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Marcanna |
|---|---|---|---|---|
| 5 | | | Déan idirdhealú idir Cáin Gnóthachan Caipitiúil agus Cáin Fáltas Caipitiúil. | (3+2) |
| | | | Cáin is ea **Cáin Ghnóthachan Caipitiúil** a íocann tú ar aon **ghnóthachan caipitiúil (brabús) a dhéantar nuair a dhiúscraíonn tú sócmhainn.** | |
| | | | **Is cáin ar bhronntanais agus oidhreachtaí í Cáin Fáltas Caipitil (CFC).** Cáin is ea **Cáin Fáltas Caipitil(Caipitiúil)** a íocann tú ar bronntanas agus oidhreachtaí. Braitheann an méid bronntanas agus oidhreachtaí is féidir leat a fháil gan CFC a íoc ar do chaidreamh leis an duine a bhfaigheann tú iad uaidh/uaithi. | (3+2) |

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Marcanna |
|---|---|---|---|---|
| 6 | | | Tabhair breac-chuntas ar **dhá** mhodh a d'fhéadfadh gnólacht a úsáid chun cleachtas gnó eiticiúil a spreagadh.<br><br>**Cód eitice a fhorbairt:** D'fhéadfadh an gnólacht sraith treoirlínte morálta a fhorbairt a mbeidh ar gach fostaí cloí leo. Má tá sé luaite i gconarthaí fostaíochta go gcaithfidh fostaithe cloí leis an gcód eitice, díspreagfar iompar neamheiticiúil.<br>**Oiliúint:** Is féidir leis an bhfostóir oiliúint a chur ar fáil chun feasacht a mhúscailt maidir le cleachtas eiticiúil san ionad oibre agus na rudaí a mbreathnaítear orthu mar iompar neamheiticiúil.<br>**Luach Saothair:** Is féidir leis an ngnólacht fostaithe a dhreasú chun cleachtas eiticiúil a spreagadh. D'fhéadfadh an gnólacht luach saothair a thairiscint as tionscnamh eiticiúil a thabhairt isteach.<br>**D'fhéadfadh bainisteoirí sinsearacha ceannaireacht a thabhairt de dea-shampla:**<br>Feictear an lucht bainistíochta ag gníomhú de réir caighdeáin eiticiúla. Spreagfaidh sé sin na fostaithe chun an rud céanna a dhéanamh.<br>**Nósanna imeachta araíonachta:**<br>Pionóis do ghnólachtaí a ghníomhaíonn go mí-eiticiúil. Is féidir iompar neamheiticiúil a dhíspreagadh trí chosc amhail gníomh araíonachta féideartha. | 2@ (3+2) |

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Marcanna |
|---|---|---|---|---|
| 7 | (a) | | Mínigh an téarma Giaráil.<br>Is éard is giaráil ann ná an méid **fiachais i gcomhréir leis an gcothromas a úsáideann cuideachta lena gcuid oibríochtaí a mhaoiniú.** Tomhaiseann an cóimheas giarála méid an fhiachais fhadtéarmaigh atá ag cuideachta i gcomparáid leis an gcaipiteal cothromais a sholáthraíonn scairshealbhóirí agus tuilleamh coinnithe.<br>Meastar go bhfuil gnólacht **giaráilte go híseal** nó **giaráilte go hard** ag braith ar chóimheas chaipiteal fiachais i gcomparáid le caipiteal cothromais a úsáidtear sa ghnólacht. | (3+2) |
| | (b) | | Ríomh an Cóimheas Fiachais/Cothromais. Taispeáin do chuid oibre.<br>Fiachas ÷ Cothromais ❶<br>$$\frac{300{,}000 \text{ ❶}}{\text{❶ } 550{,}000 + 50{,}000 \text{ ❶}} = \mathbf{0.5:1} \text{ ❶}$$ | 5 mharc |

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Marcanna |
|---|---|---|---|---|
| **8** | | | Tabhair breac-chuntas ar **dhá** thairbhe do ghnólacht a bhaineann le struchtúr maitríse eagraíochta (struchtúr foirne) a fhorbairt chun tionscadail faoi leith a chur i gcrích i ngnólacht.<br><br>**Baintear sineirgí amach:** Is féidir le daoine aonair agus/nó ranna a oibríonn astu féin a bheith níos éifeachtaí agus níos mó a bhaint amach nuair a oibríonn siad le daoine eile.<br><br>**Spreagadh méadaithe:** Is féidir le leibhéil spreagtha foirne méadú nuair a oibríonn siad i dtreo sprioc chomhchoiteann. Is féidir leis sin na fostaithe a spreagadh níos mó lena ndícheall a dhéanamh.<br><br>**Éifeachtúlachtaí méadaithe agus cinntí níos fearr:** Is féidir le comhairliúchán le fostaithe eile feabhas a chur ar chinnteoireacht.<br><br>**Éifeachtúlachtaí méadaithe:** D'fhéadfadh cumarsáid níos fearr idir baill foirne ó ranna éagsúla feabhas a chur ar éifeachtúlachtaí. Déantar dúbláil tascanna a theorannú agus aithnítear modhanna feabhsaithe chun tascanna a dhéanamh<br><br>**Caidreamh níos fearr/Feabhas ar mheon na foirne:** Baineann nádúr sóisialta nó comhghleacúil le ballraíocht foirne agus is féidir leis sin tionchar a imirt ar an atmaisféar san ionad oibre.<br><br>**Infhiontraíocht a spreagadh:** Agus fostaithe ag obair le chéile i bhfoirne, is féidir leo smaointe a mhalartú agus smaointe nua maidir le táirgí nó seirbhísí a fhorbairt, rud a mbeidh níos mó brabúis don ghnólacht mar thoradh air. | 2@ (3+2) |

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Marcanna |
|---|---|---|---|---|
| **9** | **(i)** | | Mínigh, agus sampla á úsáid agat, an téarma ionadú iompórtálacha.<br><br>Tagraíonn ionadú iompórtála do tháirge/sheirbhís a tháirgtear sa cheantar áitiúil agus ar féidir iad a cheannach in ionad earra/seirbhís iompórtáilte.<br><br>m.sh. beoir cheirde Éireannach a ceannaíodh in ionad beoir a iompórtáiltear ar bhonn tráchtála. | 3+2 |
| | **(ii)** | | D'fhéadfadh ionadú iompórtáilte a bheith ina chúis le **laghdú ar iomlán na n-iompórtálacha**. **Méadóidh** sé sin **comhardú na n-íocaíochtaí,** trí **easnamh a laghdú** nó **barrachas a mhéadú**. | 3+2 |

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Marcanna |
|---|---|---|---|---|
| **10** | | | Déan cur síos ar **dhá** thoisc a chuirfidh gnólacht san áireamh nuair a bheidh meán fógraíochta cuí á roghnú acu.<br><br>**Spriocghrúpa/Spriocmhargadh:** Beidh tionchar ag na meáin a úsáideann an spriocmhargadh ar an meán fógraíochta. D'fhéadfadh táirge/seirbhís a dhírítear ar dhéagóirí meáin amhail na meáin shóisialta/Tik Tok srl. a úsáid.<br>**Buiséad/Costas:** Beidh tionchar ag an gcaiteachas atá ar fáil don ghnólacht ar an meán fógraíochta a roghnaítear. B'fhéidir nach mbeadh an buiséad ag gnólacht beag áitiúil le haghaidh fógraíocht teilifíse náisiúnta ach d'fhéadfadh sé raidió/nuachtán áitiúil a roghnú.<br>**Céim sa tsaolré:** I gcéim luath i saolré, d'fhéadfadh gnólacht ar nós Apple na meáin shóisialta a úsáid mar mheán agus d'fhéadfaí meáin níos costasaí ar nós fógraíocht teilifíse a úsáid sna céimeanna deireanacha de shaolré fóin/iPad.<br>**Cineál táirge:** Beidh tionchar ag an gcineál táirge ar an meán. B'fhéidir nach mbeadh sé éifeachtach táirge seodra a fhógairt ar an raidió, toisc go bhfuil tionchar amhairc an táirge ríthábhachtach dá phointe díola uathúil. | 2@ (3+2) |

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Marcanna |
|---|---|---|---|---|
| **11** | **(a)** | | Mínigh an téarma boilsciú.<br>Is éard is boilsciú ann ná méadú leanúnach ar leibhéal ginearálta praghsanna thar thréimhse ama. | 3+3 |
| | **(b)** | | Liostaigh dhá chúis a bhíonn le boilsciú.<br>C**ostais mhéadaithe táirgthe** amhail amhábhair, Costais mhéadaithe saothair/pá,<br>**Cur isteach ar an margadh** m.sh. soláthar teoranta gáis mar gheall ar an gcogadh san Úcráin srl.<br>**éileamh níos airde ó thomhaltóirí,**<br>**Beartais fhioscacha agus airgeadaíochta** amhail méadú ar chánachas nó laghdú ar rátaí úis. | 2+2 |

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Marcanna |
|---|---|---|---|---|
| **12** | | | Tabhair breac-chuntas ar **dhá** fheidhm atá ag an Oifig Fiontair Áitiúil (OFÁ) maidir le tacú le gnólachtaí beaga in Éirinn.<br><br>**Meantóireacht:** Is féidir meantóir gnó a cheapadh sa ghhnólacht beag. Is féidir leis an meantóir cuidiú le cinnteoireacht trí chomhairle agus taithí.<br>**Deontais**<br>Deontais i gcomhair Staidéar Féidearthachta/Deontais Tionscnaimh/Deontais Leathnaithe. Cuireann an Oifig Fiontair Áitiúil deontais tionscnaimh ar fáil do ghnólachtaí beaga chun cuidiú leo inmharthanacht an fhiontair gnó a aithint.<br>Freagraí oiriúnach eile ná/I measc freagraí ábhartha eile ná:<br>• Taighde, Forbairt<br>• Tacaíochtaí Nuálaíocreagrhta,Nuálaíochta<br>• Iasachtaí micreamhaoinithe,<br>• Scéim um Dhearbháin a Thrádáil ar líne<br>• Cúrsaí oiliúna | 2@(3+2) |

**ROINN 2**
**(80 Marc)**

Nótaí Tacaíochta

**(A)** Tabhair breac-chuntas ar na scileanna/tréithe fiontraíochta a léirigh Pádraigín. Bíodh tagairt agat don téacs i do fhreagra.

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Marcanna |
|---|---|---|---|---|
| (A) | | | **Duine a théann sa tseans**<br>Is éard atá i gceist le bheith i d'fhiontraí ná riosca pearsanta (d'fhéadfadh duine éirí as a p(h)ost chun an gnó a chur ar bun) agus riosca airgeadais (caipiteal a fháil ar iasacht) a ghlacadh chun tabhairt faoi smaoineamh gnó.<br>*"Thuig Pádraigín go gcaithfeadh sí réimse táirgí Inis Bia a leathnú le fanacht céim chun cinn ar na hiomaitheoirí."*<br>*"Rinne Pádraigín cinneadh bogadh chuig áitreabh tráchtála.."*<br><br>**Nuáil**<br>Tá fiontraithe go maith ag smaoineamh ar bhealaí nua le rudaí a dhéanamh. Bíonn siad ag lorg smaointe agus bealaí nua i gcónaí chun táirgí agus seirbhísí atá ann cheana a fheabhsú.<br>*"Shocraigh sí a seid a athchóiriú mar mhionmhonarcha chun tosú ar bhéilí sláintiúla réamhdhéanta a tháirgeadh."*<br><br>**Cinnteoireacht**<br>Tá an cumas cinntí tapa agus éifeachtacha a dhéanamh riachtanach don lucht fiontrach. Baineann cinnteoireacht éifeachtach leis an gcumas cásanna a mheas, roghanna a aithint agus na buntáistí agus na míbhuntáistí a mheas.<br>*"Nuair a cuireadh ar iomarcaíocht í, rinne Pádraigín cinneadh a gnólacht féin a bhunú."*<br><br>**Deiseanna a Aithint / Dírithe ar an Todhchaí / Bearna sa mhargadh a Aithint**<br>Is féidir le fiontraithe bearnaí sa mhargadh a aithint le haghaidh deiseanna brabúis nó chun riachtanas a shásamh. Aithníonn fiontraithe ganntanas táirge nó seirbhíse áirithe i réimse/margadh.<br>*"Bhí Pádraigín ag obair mar chócaire i mbialann agus thug sí faoi deara go raibh dúil na dtomhaltóirí ag athrú."* | 4@5(2+2+1)<br>Ainm,<br>Mínigh,<br>Nasc |

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Marcanna |
|---|---|---|---|---|
| **(A)** | | | **Réalaíoch/Braistint Réadúlachta**<br>Feiceann fiontraithe rudaí mar atá siad, ní mar ba mhian leo iad a fheiceáil. Déanann siad gníomh chun rud éigin a fheabhsú/cosc a chur ar rud éigin tarlú Socraíonn siad spriocanna réalaíocha. Ní dhéanann siad rómheastachán ar bhrabúis sprice srl.<br>*"Thuig sí freisin go raibh uirthi breis foirne a earcú."*<br>*"Roghnaigh sí a bothán a athchóiriú mar monarcha bheag."*<br>*"Thuig Pádraigín go gcaithfeadh sí réimse táirgí Inis Bia a leathnú le fanacht céim chun cinn ar na hiomaitheoirí."*<br><br>**Muiníneach/Féinmhúinín/Uaillmhian/Diongbháilte/Féinspreagtha**<br>Creideann fiontraithe ina smaoineamh agus ina gcumas an smaoineamh a chur i bhfeidhm.<br>Tabhair faoi deara nach féidir an nasc seo a úsáid faoi dhó in (a)<br>*"Nuair a bhí a cuid táirgí ar díol ar fud na tíre, rinne Pádraigín cinneadh bogadh chuig áitreabh tráchtála."*<br><br>I measc freagraí ábhartha eile tá:<br><br>•Réamhghníomhach<br>•Treallús<br>•Réiteach Fadhbanna<br>•Caidreamh Daonna<br>•Solúbtha agus Inoiriúnaithe<br>•Bainistíocht Ama<br>•Neamhspleách / Rialú inmhéanach | |

**(B) (i)** Déan measúnú ar éifeachtacht na gcineálacha rialaithe bainistíochta atá i bhfeidhm ag Inis Bia. Bíodh tagairt agat don téacs i do fhreagra.

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Marcanna |
|---|---|---|---|---|
| **(B)** | **(i)** | | **<u>Rialú Cáilíochta</u>**<br>Sna bearta Rialú Cáilíochta d'fhéadfadh a bheith san áireamh: ciorcail cháilíochta, siombail cháilíochta a fháil agus a chothabháil.<br>D'fhéadfadh gníomhartha eile a bheith san áireamh freisin: dearbhú cáilíochta, sampláil randamach, cur chuige lochtanna nialasacha, cigireachtaí agus Bainistíocht Cáilíocht Iomlán (TQM).<br>Nasc leis an téacs<br>*"Bhí fadhb ann maidir le comhsheasmhacht na mbéilí freisin mar go raibh ar Inis Bia na soláthraithe glasraí a athrú chun freastal ar an éileamh méadaithe."*<br><br>*"Chaill Inis Bia amach ar chonradh mór le siopa ilbhrainsí sa Ríocht Aontaithe i ngeall ar an éagsúlacht i gcomhsheasmhacht an táirge."*<br><br>Meastóireacht<br>Ní raibh an cineál rialaithe cáilíochta a úsáideadh éifeachtach mar gur eisíodh táirge ar chaighdeán íseal chuig an gcustaiméir. D'fhéadfadh sé sin **dochar a dhéanamh don bhranda** agus custaiméirí a chur in aghaidh **ceannach uathu arís**. Beidh sé níos **deacra táirgí nua a thabhairt isteach. Cailliúint díolachán/ bheith orthu na praghsanna a laghdú/ dúnadh mar gheall ar imní faoi shábháilteacht bia.**<br>**NÓ**<br>Tá fianaise ann ar **nósanna imeachta rialaithe éifeachtacha**, rud a chuideoidh le **feabhas a chur ar cháilíocht an táirge deiridh**, amhail soláthraithe nua a fháil.<br><br>**<u>Rialú Stoic</u>**<br>Caithfidh gnólacht a stoc a rialú lena chinntiú go bhfuil leibhéil optamacha stoic aige chun freastal ar éileamh na gcustaiméirí i gcónaí.<br>Beidh dífheidhmeacht, caipiteal ceangailte, costais mhéadaithe stórála agus árachais agus riosca gadaíochta mar thoradh ar an iomarca stoic.<br>D'fhéadfadh cailliúint díolachán, laghdú ar dhílseacht custaiméirí agus damáiste do bhranda tarlú mura bhfuil go leor stoic ann.<br>D'fhéadfadh gnólacht córas Díreach In Am a úsáid ná córas bainistíochta stoc cúltaca/maolánach.<br>*"Nuair a bhí a cuid táirgí ar díol ar fud na tíre, rinne Pádraigín cinneadh bogadh chuig áitreabh tráchtála."*<br>*"Bhí iarracht ar siúl ag an ngnólacht lena chinntiú go gcoinneodh an táirgeadh suas le horduithe móra ó ollmhargaí na hÉireann."* | 4@7(1+2+1+3)<br>Ainm,<br>Mínigh,<br>Nasc,<br>Déan meastóireacht ar éifeachtúlacht |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **(B)** | **(i)** | | Meastóireacht<br>An cineál rialaithe stoic a bhí éifeachtach nuair a thuig sí go raibh gá le tuilleadh acmhainne. Tá monatóireacht á déanamh aici ar an staid reatha freisin lena chinntiú go gcomhlíonfar orduithe. D'fhéadfadh **méadú ar dhíolacháin/brabúis** a bheith mar thoradh air sin. **Tá sé sin ríthábhachtach más mian leis an ngnólacht na horduithe sin a choinneáil.**<br><br>**<u>Rialú Airgeadais</u>**<br>Áirítear le rialú airgeadais caiteachas amach anseo a thomhas i gcoinne ioncaim réamh-mheasta. Úsáideann sé réamhaisnéisí sreafa airgid agus buiséadú lena chinntiú gur féidir fiacha gearrthéarmacha a íoc in am.<br>*"Bhí Pádraigín ag streachailt le taifid chruinne a choinneáil agus bhí imní uirthi go raibh an iomarca airgid á chaitheamh ag an ngnólacht."*<br><br>Meastóireacht<br>Tá an cineál rialaithe airgeadais neamhéifeachtach agus d'fhéadfadh **fadhb fiachais ghearrthéarmaigh/leachtachta gearrthéarmaí** a bheith mar thoradh air. Ní mór spriocanna soiléire a bheith ann.<br><br>**<u>Rialú Creidmheasa</u>**<br>Baineann rialú creidmheasa le cinntiú go n-íocann na feichiúnaithe a bhfiacha go tráthúil, trí bhearta éagsúla cosúil le hús agus lascainí, seiceálacha creidmheasa agus teorainneacha ar an méid a dhíoltar ar chreidmheas.<br>*"Bhí fadhb ann nuair a chuaigh custaiméir mór faoi leachtú agus níor íoc siad na sonraisc a bhí fós le híoc acu."*<br><br>Meastóireacht<br>Tá an cineál rialaithe creidmheasa neamhéifeachtach agus d'fhéadfadh **drochfhiacha** a bheith mar thoradh air | |

**(B) (ii)** Mol slí a bhféadfaí cineál amháin rialaithe atá i bhfeidhm ag Inis Bia a fheabhsú.

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Marcanna |
|---|---|---|---|---|
| **(B)** | (ii) | | **Rialú Creidmheasa**<br>Íocaíochtaí úis nó lascainí<br>Seiceáil Inchairde/Rátáil Chreidmheasa<br>Teorainneacha ar dhíolacháin ar chairde<br><br>**Rialú Cáilíochta**<br>Ciorcail Cháilíochta<br>BLC (TQM)<br>Cur chuige lochtanna nialasacha<br>Dearbhú Cáilíochta<br><br>**Rialú Stoic**<br>Stoc Maolánach/Cúltaca<br>Díreach in am<br>Idirmhalartú Leictreonach Sonraí<br><br>**Rialú Airgeadais**<br>Buiséid<br>Réamhaisnéis Sreafa Airgid | 2m |

**(C)** Cur síos ar fheidhmeanna na bainistíochta acmhainní daonna ag Inis Bia. Bíodh tagairt agat don téacs i do fhreagra.

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Marcanna |
|---|---|---|---|---|
| **(C)** | | | **Pleanáil Daonchumhachta/ Acmhainní Daonna**<br>Is é atá i gceist leis sin go bhfuil na daoine cearta ag a bhfuil na scileanna cearta san áit cheart ag an am ceart ar fud an ghnólachta. Baineann sé le hiniúchadh acmhainní daonna a dhéanamh agus riachtanais acmhainní daonna amach anseo a mheas.<br>• Ní mór don Bhainisteoir AD iniúchadh a dhéanamh ar acmhainní foirne reatha, riachtanais foirne a réamh-mheas, agus ansin pleanáil a dhéanamh chun na leibhéil foirne a mhéadú/a laghdú.<br>*"Bhí Micheál freagrach as a chinntiú go bhfaigheadh Inis Bia an líon ceart d'fhostaithe cumasacha chun na pleananna don mhéadú a chur i gcrích."*<br><br>**Earcaíocht agus Roghnú**<br>Is éard atá i gceist le hearcaíocht agus roghnú ná na hiarrthóirí ionchasacha is fearr ag a bhfuil na scileanna cuí a aimsiú nó a mhealladh agus ansin na hiarrthóirí is oiriúnaí d'fhostaíocht a roghnú. Ní mór don Bhainisteoir Acmhainní Daonna sainchuntas poist agus sonraíocht phearsanta a dhréachtú agus ansin an post a fhógairt.<br>Ní mór na hiarratasóirí a scagadh (iad a chur ar ghearrliosta). Déantar an roghnú trí phróiseas agallaimh de ghnáth.<br>*"D'fhógair siad poist ar shuíomhanna earcaíochta ar líne agus sna nuachtáin náisiúnta agus áitiúla."*<br><br>**Traenáil / Oiliúint**<br>Baineann oiliúint le feabhas a chur ar chumas na bhfostaithe a gcuid oibre a dhéanamh ar bhealach éifeachtach.<br>Infheistíonn an chuideachta in oiliúint, rud a fhágann go mbíonn eolas agus scileanna níos fearr i measc na bhfostaithe. Bíonn seirbhís níos fearr do chustaiméirí agus eispéireas níos fearr do chustaiméirí mar thoradh air sin.<br>*"Thug sé isteach 'córas páirtíochta' ina mbíonn gach ball foirne nua ina pháirtí ag fostaí a bhí ann cheana chun níos mó a fhoghlaim faoi ghnéithe éagsúla an ghnólachta."*<br><br>**Forbairt**<br>Ullmhaíonn forbairt na fostaithe do fhreagrachtaí nua agus dúshláin níos mó san ionad oibre. Cuidíonn sé le fostaithe le féin-achtáil.<br>*"Cuireadh oiliúint ar na fostaithe freisin i dtaca le bunphrionsabail na hoibre foirne ag ceardlann le déanaí."* | 5@6(2+2+2)<br>Ainm,<br>Mínigh,<br>Nasc |

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Marcanna |
|---|---|---|---|---|
| **(C)** | | | **Measúnú Feidhmíochta**<br>Is é sin an próiseas a bhaineann le feidhmíocht, dul chun cinn, cuidiú agus éifeachtacht fostaí a mheas.<br>Cinntíonn sé ardchaighdeáin feidhmíochta sa ghnólacht,agus éiríonn go maith leis an eagraíocht mar thoradh air sin. Cuireann sé cumarsáid dhá bhealach ar fáil agus tugtar soiléiriú ar chuspóirí/ aiseolas d'fhostaithe maidir le feidhmíocht chun feabhsuithe a dhéanamh.<br>*"Buaileann na fostaithe leis an mbainisteoir Acmhainní Daonna go rialta anois freisin."*<br><br>**Luach saothair**<br>Baineann luach saothair a thabhairt d'fhostaithe le luach saothair airgid agus/nó neamhairgid a thairiscint d'fhostaithe as obair mhaith a dhéanamh.<br>D'fhéadfadh lucht saothair spreagtha a bheith mar thoradh air sin.<br>D'fhéadfadh pá, tuarastail, bónais, sochar comhchineáil, roghanna scaireanna, pleananna pinsin, ardú céime srl. a bheith i gceist le luach saothair a thairgeann an roinn AD.<br>Úsáidtear luach saothair airgid agus neamhairgid chun freastal ar riachtanais fhairsinge an lucht oibre.<br>*"Tugadh spreagthaí isteach freisin ar nós íocaíochtaí dílseachta d'fhostaithe a chaitheann breis agus trí bliana sa ghnólacht."*<br><br>**Fostóirí a Bhainistiú agus Caidreamh Fostaithe**<br>Bíonn an bainisteoir AD páirteach go minic i réiteach coinbhleachta idir fostaithe agus a chinntiú go gcruthaítear agus go gcothaítear atmaisféar dearfach san ionad oibre freisin.<br>*"Buaileann na fostaithe leis an mbainisteoir Acmhainní Daonna go rialta anois freisin."*<br>*"Cuireadh oiliúint ar na fostaithe freisin i dtaca le bunphrionsabail na hoibre foirne ag ceardlann le déanaí."* | 5@6(2+2+2)<br>Ainm,<br>Mínigh,<br>Nasc |

## Ceist 1

**(A)** Léirigh do thuiscint ar na gnéithe riachtanacha a leanas de chonradh bailí.

Comaoin    Cumas Conraithe    Toiliú le Conrú    Dlíthiúlacht foirme.

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Marcanna |
|---|---|---|---|---|
| **1** | **(A)** | | **Comaoin**<br>Déanann sé seo tagairt don mhalartú luacha i gconradh. Caithfidh gach páirtí i gconradh rud éigin luachmhar a thabhairt don páirtí eile. Fad is a bheidh breithniú ann, ní cheisteoidh cúirt dlí a leordhóthanacht, ar choinníoll go bhfuil luach éigin ag baint léi. De ghnáth is íocaíocht airgeadaíochta é comaoin, ach d'fhéadfadh sé a bheith rud éigin luachmhar chomh maith atá malartaithe de bharr an chonartha.<br>Sampla ag teastáil<br><br>**Cumas conraithe/Iniúlacht Conraithe**<br>Gach duine nádúrtha (daoine) agus gach duine dlítheanach/corparáideach, amhail cuideachtaí, tá an **ceart dlíthiúil acu/tá siad ábalta /tá an cumas acu** conradh a dhéanamh go héasca.<br>Sampla ag teastáil<br><br>**Toiliú le Conrú**<br>Ní mór don dá pháirtí dul isteach sa chonradh dá stuaim féin. Caithfidh siad glacadh leis an gconradh gan tionchar míchuí. Mura bhfuil aon rogha ann, ní bheidh aon toiliú ann. Caithfidh an toiliú a bheith macánta agus deonach.<br>Sampla ag teastáil<br><br>**Dlíthiúlacht foirme**<br>Ní mór conarthaí áirithe, chun iad a mheasadh a bheith dlíthiúil, a tharraingt suas ar bhealach ar leith. Is gá do roinnt conarthaí a bheith i scríbhinn le bheith bailí go dleathach.<br>Sampla ag teastáil | 4@5<br>(4+1).(4+1),<br>(3+2),(3+2)<br>Mínigh,<br>Sampla |

**(B)** Mínigh, agus samplaí á n-úsáid agat, na cineálacha éagsúla de ghníomhaíocht thionsclaíoch atá ann.

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Marcanna |
|---|---|---|---|---|
| 1 | (B) | | **Stailc Oifigiúil**<br>Diúltaíonn na fostaithe dul isteach san ionad oibre nó a gcuid dualgas oibre a dhéanamh. Baineann stailc oifigiúil le ballóid rúnda, fógra cuí don fhostóir agus smachtbhanna ag Comhdháil na gCeardchumann. Bíonn baill an cheardchumainn atá ar stailc ar picéad lasmuigh den ionad oibre.<br>Sampla ag teastáil<br><br>**Oibriú/Obair de réir rialach**<br>Ní dhéanann na fostaithe ach na cúraimí atá scríofa ina sainchuntas poist/conradh fostaíochta.<br>Cloíonn oibrithe le rialacha a gconarthaí fostaíochta de réir'fhuairlitir an dlí'.<br>Sampla ag teastáil<br><br>**Cosc ar ragobair**<br>Diúltaíonn na fostaithe oibriú ar feadh uaireanta breise.<br>Is féidir leis sin cur isteach mór a chruthú, rud a mbíonn orduithe caillte agus díolacháin chaillte mar thoradh air, go háirithe ag buaic-amanna trádála m.sh. diúltaíonn na fostaithe in aerlíne ragobair a dhéanamh le linn thréimhse na laethanta saoire.<br>Sampla ag teastáil<br><br>**Stopadh Dearbhán/Stailc Chomharthach**<br>Stad gairid a chur le hobair na n-oibrithe chun aird a tharraingt ar a bhfrustrachas maidir le ceist.<br>Leagann sé sin béim ar an rún atá ann beart níos tromchúisí a dhéanamh mura dtiocfar ar chomhaontú.<br>Sampla ag teastáil<br><br>**Moilleadóireacht/Dul-Mall**<br>I ngnólacht déantúsaíochta, tógann sé níos faide ná mar is gnách ar chuid amháin den lucht saothair a gcuid den phróiseas táirgthe a chríochnú, agus mar sin cuirtear moill ar an táirgeadh iomlán.<br>Sampla ag teastáil | 4@5(2+2+1)<br><br>Ainm,<br>Mínigh,<br>Sampla |

**(C) (i)** Sainmhínigh idirdhealú faoi mar a leagtar amach é san Acht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998/2015.

**(ii)** Liostaigh **ceithre** fhoras, seachas aois agus gnéaschlaonadh, ar a bhfuil an t-idirdhealú toirmiscthe faoin acht sin.

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Marcanna |
|---|---|---|---|---|
| 1 | (C) | (i) | Deirtear go bhfuil idirdhealú á dhéanamh i gcoinne fostaí má chaitear leis nó léi ar bhealach níos lú fabhrach ná mar a chaitear, ná mar a caitheadh nó ná mar a chaithfí le duine éigin eile (i gcás inchomparáide ar aon cheann de na naoi bhforas ar leith). | 8+4 |
| | | (ii) | • Stádas sibhialta (pósta)<br>• Stádas teaghlaigh<br>• Míchumas<br>• Reiligiún<br>• Inscne<br>• Cine<br>• Ball den Lucht Taistil | 8 marc<br>(3,3,1,1) |

## Ceist 2

**(A)** Léirigh an tuiscint atá agat ar na cineálacha seo a leanas d'eagraíochtaí gnó.

Comhpháirtíocht Trádálaí Aonair Saincheadúnas Cuideachta Phoiblí Theoranta

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Marcanna |
|---|---|---|---|---|
| 2 | (A) | | **Comhpháirtíocht**<br>Is éard is comhpháirtíocht ann ná cineál gnó ina roinneann dhá dhuine nó níos mó úinéireacht agus freagracht as cuideachta.<br>•Faigheann comhpháirtithe gnó brabúis agus tá siad faoi dhliteanas as fiacha bunaithe ar théarmaí comhaontaithe comhpháirtíochta.<br>•Is éard is comhpháirtíocht ann ná gnó a chur ar bun le 1 duine nó níos mó (a dtugtar 'comhpháirtithe' orthu).<br>•Tá gach comhpháirtí freagrach go comhpháirteach as an ngnólacht a reáchtáil, agus ní mór do gach comhpháirtí cáin ioncaim, ÁSPC agus MSU a íoc ar a sciar de na brabúis. Má theipeann ar an ngnólacht, beidh na comhpháirtithe uile freagrach go comhpháirteach as na fiacha.<br>•Ba chóir d'aturnae do chomhaontú comhpháirtíochta a dhréachtú.<br>Sampla ag teastáil<br><br>**Trádálaí Aonair**<br>•Gnólacht is ea trádálaí aonair atá faoi úinéireacht agus á reáchtáil ag duine amháin atá freagrach go hiomlán as fiacha an ghnólachta.<br>•Déanann an trádálaí aonair na cinntí go léir/tá smacht iomlán aige/aici, coinníonn sé/sí na brabúis go léir ach tá sé/sí faoi dhliteanas iomlán as aon fhiacha atá ag an ngnólacht.<br>Sampla ag teastáil<br><br>**Saincheadúnas**<br>•Is cineál gnó é saincheadúnas ina dtugann úinéir gnólachta (saincheadúnóir) cead do dhuine aonair (saincheadúnaí) samhail ghnó úinéir an ghnólachta a úsáid.<br>•Ligeann an saincheadúnóir don saincheadúnaí a shamhail ghnó iomlán a úsáid, a gcuid earraí agus seirbhísí a dhíol faoi ainm an tsaincheadúnais ar tháille agus ar chéatadán de na brabúis.<br>Sampla ag teastáil<br><br>**Cuideachta Phoiblí Theoranta**<br>•Cuideachta is ea Cuideachta Phoiblí Theoranta (CPT) atá liostaithe go poiblí ar an Stocmhalartán.<br>•Déantar é sin ionas gur féidir leis an gcuideachta a scaireanna a thairiscint don phobal i gcoitinne.<br>• Ní mór seachtar ball ar a laghad a bheith in CPT ach níl aon uaslíon scairshealbhóirí i gceist leis.<br>Sampla ag teastáil | 4@5<br>(4+1),(4+1),<br>(3,2),(3+2)<br><br>Mínigh,<br>Sampla |

**(B)** Pléigh na buntáistí **agus** na dúshláin do ghnólachtaí na hÉireann a bhaineann le fostaíocht a mhéadú.

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Marcanna |
|---|---|---|---|---|
| **2** | **(B)** | | **<u>Tairbhí</u>**<br>**Díolacháin a mhéadú**<br>Mar gheall ar leibhéil mhéadaithe fostaíochta, éascaíodh fás eacnamaíoch inbhuanaithe. Tagann méadú ar thomhaltas mar thoradh ar fhostaíocht ard agus tá méadú tagtha ar dhíolacháin earraí agus seirbhísí laethúla mar thoradh air sin.<br><br>**Caiteachas ar ardtáirgí agus ar ardseirbhísí a mhéadú agus méaduithe ar phraghsanna do thomhaltóirí**<br>Mar go bhfuil níos mó ioncam lánroghnach ag daoine, caithfidh daoine níos mó airgid ar shó-earraí rud a fhágann go gceannófar m.sh. níos mó carranna nua, laethanta saoire thar lear. Léiríonn staidreamh oifigiúil Chumann Thionscal Mótar na hÉireann (SIMI) go méadaíonn clárúcháin carranna nua le linn tréimhsí ardfhostaíochta.<br><br>**Muinín ghnó/fás fiontar**<br>Tá méadú tagtha ar an éileamh ar earraí agus ar sheirbhísí agus tá gnólachtaí nua oscailte nó leathnaithe mar gheall ar bhrabúis mhéadaithe don ghnólacht. Tá níos mó fiontraíochta sa gheilleagar de réir mar a mhéadaíonn féinmheas agus muinín daoine.<br><br>**Méadú ar dhíolacháin/ar bhrabúis de bharr méadú ar chaiteachas rialtais**<br>Tá ioncam méadaithe ag an rialtas ó chánacha fostaíochta agus tomhaltais. D'fhéadfadh méadú ar an gcaiteachas caipitil a bheith mar thoradh air sin, rud a chruthaíonn deiseanna nua do ghnó, agus a mbeadh méadú ar dhíolacháin agus ar bhrabúis mar thoradh air. M.sh. painéil ghréine i scoileanna<br><br>**<u>Dúshláin</u>**<br>**Ganntanas foirne**<br>Ganntanas in infhaighteacht an chineáil foirne a theastaíonn ó fhostóirí. Tá méadú tagtha ar líon na ndaoine atá fostaithe san earnáil threasach ar an iomlán ach tá líon na ndaoine atá fostaithe sa tionscal seirbhísí ag méadú i gcónaí. Mar sin féin, tá go leor gnólachtaí sa tionscal seirbhísí ag streachailt le foireann a earcú.<br><br>**Méaduithe ar phraghsanna**<br>Is féidir le héileamh méadaithe ar sheirbhísí a bheith mar thoradh air ar ardfhostaíocht. I seirbhísí lánroghnacha amhail fáilteachas, d'fhéadfadh borradh teacht ar éileamh agus d'fhéadfadh méadú teacht ar sheirbhísí. M.sh. Méadú ar phraghsanna óstán in Éirinn agus/nó is mó an t-éileamh ar cheardaithe ná soláthar na gceardaithe atá ar fáil. | 4@5(2+3)<br><br><u>2 thairbhe agus 2 dhúshlán ag teastáil</u> |

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Marcanna |
|---|---|---|---|---|
| **2** | **(B)** | | **Costais arda/éilimh maidir le pá/méaduithe ar phá**<br>Bíonn margadh saothair ina mbíonn sé níos éasca d'fhostaithe arduithe pá a iarraidh mar thoradh ar ardfhostaíocht. D'fhéadfadh sé sin costais fostóirí a mhéadú agus brabúsacht a laghdú.<br><br>**Cuireann sé teorainn le himirce daoine oilte**<br>Beidh níos mó maoiniú ann ón Rialtas le hinfheistiú i ngeilleagar na hÉireann. Is féidir le rátaí arda fostaíochta leibhéil eisimirce a íoslaghdú agus ba cheart go n-aisiompófaí 'imirce daoine oilte' (Easpórtáil daoine oilte). Ciallaíonn sé sin níos mó rochtana ar lucht saothair oilte don ghnólacht. Is féidir leis an ngnólacht tairbhe a bhaint as caiteachas an rialtais freisin atá éascaithe ag an méadú ar an mbailiú cánach. | 2@5(2+3)<br><br><u>2 thairbhe agus 2 dhúshlán ag teastáil</u> |

**(C)** Tabhair breac-chuntas ar an gcaoi a bhféadfadh rialtas na hÉireann timpeallacht dhearfach a chruthú le haghaidh gnó. Bain úsáid as samplaí chun tacú le do fhreagra.

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Marcanna |
|---|---|---|---|---|
| 2 | (C) | | **Cáin Bhreisluacha a Laghdú**<br>D'fhéadfadh an rialtas CBL a laghdú ar earraí agus ar sheirbhísí. M.sh. CBL a laghdú don tionscal turasóireachta/seirbhísí. Chuirfeadh sé sin ar chumas an ghnólachta praghsanna níos ísle a ghearradh agus/nó brabúsacht a mhéadú agus dá bhrí sin chuirfeadh sé ar chumas gnólachtaí rátaí pá níos fearr a thairiscint.<br>Nó Chun feabhas a chur ar iomaíochas don tionscal turasóireachta agus do thionscail eile, d'fhéadfadh an rialtas CBL a laghdú.<br>Sampla ag teastáil<br><br>**Méaduithe ar an íosphá náisiúnta**<br>Socraíonn an rialtas an t-íosphá chun oibrithe ar phá íseal a chosaint. m.sh. Chun timpeallacht oiriúnach a chruthú do ghnólachtaí, d'fhéadfadh an rialtas méaduithe ar an íosphá a íoslaghdú chun a chinntiú go mbeidh costais ghnólachtaí inbhuanaithe agus go mbeidh gnólachtaí inmharthana i gcónaí.<br>Sampla ag teastáil<br><br>**Deontais Rialtais**<br>D'fhéadfadh an rialtas tacaíochtaí airgeadais agus/nó iasachtaí tacaíochta do ghnólachtaí ar ús íseal a thairiscint chun leathnú a éascú.<br>m.sh. D'fhéadfadh an rialtas líon na ndeontas atá ar fáil trí ghníomhaireachtaí stáit a mhéadú.<br>Sampla ag teastáil<br><br>**Caiteachas caipitiúil a mhéadú**<br>D'fhéadfadh an rialtas caiteachas caipitiúil ar bhonneagar, scoileanna, ospidéil srl. a mhéadú.<br>Sampla ag teastáil<br><br>**Gníomhaireachtaí Stáit Rialtais** – Glac le gníomhaireacht ag céim ar leith agus an tseirbhís a lua<br>Trí líonra gníomhaireachtaí stáit a thugann comhairle ghnó, oiliúint agus treoir, seirbhísí meantóireachta agus cúnamh deontais chun fás agus leathnú a éascú.<br>Sampla ag teastáil | 4@5(2+2+1)<br>Ainm,<br>Mínigh,<br>Sampla |

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Marcanna |
|---|---|---|---|---|
| 2 | (C) | | **Méadú ar chaiteachas reatha ar phá/leasa sóisialta na hearnála poiblí:**<br>Bheadh éifeacht seachtháirge ag comhaontuithe náisiúnta pá d'oibrithe na hearnála poiblí lena mbaineann na comhpháirtithe sóisialta do ghnólachtaí toisc go mbeadh níos mó ioncaim indiúscartha ag oibrithe na hearnála poiblí.<br>Sampla ag teastáil<br><br>**Infheistíochtaí Rialtais in Oideachas agus Oiliúint**<br>Déanann an rialtas infheistíocht in oideachas 3 leibhéal do gach mac léinn in Éirinn, díolmhaithe ó tháillí teagaisc, rud a chinntíonn soláthar seasta saothair ard-oilte.<br>Sampla ag teastáil<br><br>**Cáin**<br>Trí thimpeallacht ísealchánach a chruthú do ghnólachtaí, spreagtar fiontraithe chun gnólacht a chur ar bun toisc gur féidir leo an chuid is mo de na gnóthachain a dhéanann siad a choinneáil. Cinntíonn ísealcháin chorparáide go gcoinníonn na cuideachtaí teoranta an chuid is mó dá mbrabúis.<br>Sampla ag teastáil | 4@5(2+2+1)<br>Ainm,<br>Mínigh,<br>Sampla |

## Ceist 3

**(A) (i)** Agus úsáid á baint agat as samplaí, déan cur síos ar an difríocht idir treoir agus rialúchán mar chineálacha dlí san Aontas Eorpach (AE).

**(ii)** Mínigh ar an tionchar a bhíonn ag treoir sheanbhunaithe de chuid an AE ar ghnólachtaí Éireannacha.

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Marcanna |
|---|---|---|---|---|
| **3** | **(A)** | **(i)** | **Treoir AE**<br>Cuireann sé oibleagáid ar bhallstáit a ndlíthe náisiúnta a athrú chun rialacha an Aontais a chur san áireamh, laistigh de theorainn ama áirithe. Níl sé ceangailteach ach amháin maidir leis na torthaí atá le baint amach, agus fágtar faoi na ballstáit é, laistigh de theorainneacha atá leagtha síos, na modhanna trína mbainfear na rialacha agus na spriocanna amach a roghnú. Úsáidtear iad chun dlíthe náisiúnta éagsúla a chur ar aon dul lena chéile agus tá siad mar an gcéanna i gcúrsaí a imríonn tionchar ar fheidhmiú an Mhargaidh Aonair (e.g. caighdeáin sábháilteachta táirgí, WEEE (an treoir maidir le dramhaíl, trealamh leictreach agus leictreonach, an treoir maidir le sláinte agus sábháilteacht ag an obair nó an treoir maidir le luchtaire uilíoch).<br>Sampla ag teastáil<br><br>**Rialachán AE**<br>Is gníomh reachtach de chuid an Aontais é sin a bhíonn infheidhmithe láithreach mar dhlí ina iomláine i ngach ballstát ag an am céanna. Tugtar tús áite dó ar an dlí náisiúnta. Tá sé féin-fhorghníomhaithe agus níl aon bhearta cur chun feidhme ag teastáil ina leith. Is féidir le hinstitiúidí an Aontais rialachán a fhorfheidhmiú ar fud an Aontais. Le Rialachán (AE) Uimh. 261/2004, bunaíodh rialacha comhchoiteanna maidir le cúiteamh agus cúnamh do phaisinéirí aerlíne.<br>Sampla ag teastáil | 2@7 (4+3)<br>Gné, Sampla |
| | | **(ii)** | Ciallaíonn an treoir WEEE go gcaithfidh gnólachtaí a dhíolann trealamh leictreach agus leictreonach glacadh le seanfhearais/fearais úsáidte na dtomhaltóirí.<br>Ceapaim féin gur dlí maith é sin mar go laghdaíonn sé líon na n-earraí leictreacha a dhumpáiltear go mídhleathach, ach is féidir leis an t-ualach oibre agus na costais do ghnólachtaí a mhéadú.<br>Rinneadh athbhreithniú ar Threoir AE/2018/2001 maidir le Fuinneamh In-athnuaite in 2023 agus spriocanna fuinnimh in-athnuaite ag 42.5% ceangailteach ar leibhéal an Aontais faoi 2030 - ach táthar ag iarraidh 45% a bhaint amach. | 1@6 (3+3)<br>Tionchar mínithe |

**(B)** Tabhair breac-chuntas ar an gcumasc margaíochta domhanda maidir le táirge de do rogha féin.

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Marcanna |
|---|---|---|---|---|
| 3 | (B) | | **Táirge Domhanda**<br>B'fhéidir go mbeadh gá le gné táirge an mheascáin margaíochta a choigeartú chun freastal ar riachtanais theicniúla, dhlíthiúla agus teanga m.sh. carr clé-stiúrtha; b'fhéidir go gcaithfí pacáistiú a athrú chun freastal ar riachtanais an mhargaidh áitiúil.<br>*Tagairt don táirge roghnaithe ag teastáil.*<br><br>**Praghas Domhanda**<br>Déanann gnólachtaí domhanda iarracht praghas aonfhoirmeach a bhaint amach i ngach margadh, ach bíonn tionchar ag na tosca seo a leanas ar an gcuspóir sin go minic: An costas maireachtála i dtíortha éagsúla/ioncaim indiúscartha. Taraifí, dleachtanna custaim agus rátaí CBL éagsúla. Leibhéil praghsanna áitiúla agus praghsanna a ghearrann iomaitheoirí sa mhargadh/luaineacht sa ráta malairte.<br>*Tagairt don táirge roghnaithe ag teastáil.*<br><br>**Áit Dhomhanda**<br>Is gnách go mbíonn bealaí dáileacháin domhanda earraí fisiceacha níos faide agus go mbíonn níos mó idirghabhálaithe amhail easpórtálaithe agus gníomhairí i gceist leo. I measc na samplaí de na bealaí éagsúla atá ar fáil tá: Ag díol go díreach le custaiméirí ar líne. Agus earraí nó seirbhísí á ndíol ar fud an domhain, d'fhéadfadh níos mó sraitheanna a bheith i mbealach dáileacháin an ghnólachta m.sh.. gníomhaire dáileacháin.<br>*Tagairt don táirge roghnaithe ag teastáil.*<br><br>**Cur Chun Cinn Domhanda**<br>Ní mór difríochtaí sa reachtaíocht, teanga agus cultúr a aithint nuair a dhéantar rogha maidir le cur chun cinn amhail feachtais fógraíochta agus poiblíochta. Sampla B'fhéidir go gcaithfí teanga na bhfógraí teilifíse a leasú i dtíortha éagsúla mar gheall ar bhacainní teanga nó d'fhéadfaí a mheas i roinnt tíortha go bhfuil an teachtaireacht maslach.<br>*Tagairt don táirge roghnaithe ag teastáil.* | 4@5(2+2+1)<br>Ainm,<br>Míniú,<br>Sampla |

**(C)** Léirigh na bacainní seo a leanas ar shaorthrádáil a d'fhéadfadh a bheith ann idir tíortha.

Trádbhac Cuóta Fóirdheontas Taraif

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Marcanna |
|---|---|---|---|---|
| **3** | **(C)** | | **Trádbhaic**<br>Toirmeasc iomlán is ea trádbhac ar iompórtáil earraí áirithe ó thíortha áirithe. Bíonn siad spreagtha de ghnáth ag cúiseanna polaitiúla, eacnamaíocha, morálta nó comhshaoil . Is féidir iad a úsáid mar chineál agóide i gcoinne cleachtais tíre eile.<br><br>**Cuóta**<br>Is teorainn é cuóta ar líon na n-earraí is féidir a iompórtáil ó thír áirithe/de tháirge áirithe.<br><br>**Fóirdheontais.**<br>Is éard is fóirdheontas ann ná tacaíocht airgeadais a thugann an rialtas do thionscal intíre chun an costas táirgthe a laghdú ionas gur féidir leis a chuid táirgí a dhíol ar phraghsanna níos ísle ná iomaíocht ó iompórtálacha/a thugtar go díreach do ghnólachtaí chun táirgeadh a spreagadh.<br><br>**Taraifí**<br>Cáin ar iompórtálacha is ea taraif. Is é an éifeacht atá le cáin praghas na n-iompórtálacha a ardú agus tomhaltas a dhíspreagadh. | 4@%<br>(4+1),(4+1).<br>(3+2),(3+2)<br><br>Mínigh,<br>Sampla |

## Ceist 4

**(A)** Léirigh gach ceann de na modhanna a ainmnítear thíos chun conradh a fhoirceannadh.

Feidhmíocht　　Dírathú　　Sárú conartha　　Comhaontú

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Marcanna |
|---|---|---|---|---|
| 4 | (A) | | **Feidhmíocht/Comhlíonta**<br>Comhlíonann an dá pháirtí sa chonradh a ndualgais de réir mar a éilíonn an conradh/déantar an conradh a fhorghníomhú de réir na dtéarmaí comhaontaithe.<br>Sampla ag teastáil<br><br>**Dírathú**<br>Cuireann teagmhas gan choinne cosc ar an gconradh a chur i gcrích/ Tarlaíonn rud éigin a fhágann nach féidir an conradh a chur i gcrích.<br>Sampla ag teastáil<br><br>**Sárú conartha**<br>Mura gcomhlíonann ceann de na páirtithe a thaobh/a taobh den mhargadh/oibleagáid chonarthach, i.e., nach n-urramaíonn sé nó sí na gealltanais a rinneadh, deirtear gur séanadh an conradh. Tá coinníoll/gné riachtanach den chonradh á sárú ag an bpáirtí.<br>Tá sé de cheart ag an dara páirtí gníomh a dhéanamh sna cúirteanna in aghaidh an chéad pháirtí ba chúis leis an sárú/i dteideal cúitimh.<br>Sampla ag teastáil<br><br>**Comhaontú**<br>Féadfaidh páirtithe an chonartha a chomhaontú deireadh a chur leis an gconradh/é a thabhairt chun críche trí thoiliú frithpháirteach/ cibé acu ar baineadh amach cuspóir an chonartha nó nár baineadh.<br>Sampla ag teastáil | 4@5<br>(4+1),($+1).<br>(3+2),(3+2)<br><br>Mínigh,<br>Sampla |

**(B)** Agus úsáid á baint agat as sampla, mínigh na forais i gcomhair dífhostú a mheastar a bheith cóir faoi théarmaí an Achta um Dhífhostú Éagórach 1977/2015.

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Marcanna |
|---|---|---|---|---|
| 4 | (B) | | **Neamh-ábaltacht**<br>Áirítear leis sin saincheisteanna amhail moille leanúnach, agus neamhláithreacht ghearrthéarmach nó fhadtéarmach.<br>Beifear ag súil go mbeidh cruthúnas doiciméadach ar an líomhain sin ag an bhfostóir, amhail taifid ar chogáil isteach nó neamhláithreacht doiciméadaithe ar chomhad nach bhfuil teastas dochtúra leo.<br>Chomh maith leis sin, beifear ag súil go dtaispeánfar d'fhostóir gur cuireadh ar an eolas thú faoin bhfadhb agus gur tugadh rabhadh duit faoi na hiarmhairtí a bheadh i gceist maidir le do fhostaíocht leanúnach.<br>Sampla ag teastáil<br><br>**Neamhinniúlacht**<br>Tagraíonn neamhinniúlacht do phost a dhéanamh (droch-fheidhmíocht oibre / teip ar spriocanna díolacháin a bhaint amach).<br>Ar an gcéad dul síos, ní mór duit a bheith ar an eolas faoi na caighdeáin a bhfuiltear ag súil uait, agus ní mór iad seo a bheith bainte leis an bpost a bhí tú fostaithe a dhéanamh.<br>Ar an dara dul síos, muna shroicheann tú an caighdeán riachtanach, ní mór é seo a bheith mínithe go soiléir duit. Ba cheart é sin a dhéanamh trí shraith fhoirmiúil nósanna imeachta.<br>Ba chóir do d'fhostóir a shonrú freisin cad iad na feabhsuithe atá riachtanach. Ba cheart iad seo a bheith indéanta agus ní mór tréimhse ama réasúnta a cheadú don fheabhsúchán.<br>I ndeireadh na dála, ba chóir do d'fhostóir rabhadh deiridh a thabhairt duit ina leagtar amach an dóchúlacht go ndífhostófar thú.<br>Sampla ag teastáil<br><br>**Cáilíochtaí (míléiriú déanta ag an bhfostaí)**<br>Is féidir le dífhostú cothrom ar bhonn cáilíochtaí tarlú ar dhá bhealach.<br>Cás amháin inar chuir tú d'fhostóir amú faoi na cáilíochtaí a bhí agat agus tú ag cur isteach ar an bpost.<br>NÓ Is é an ceann eile ná nuair a rinne d'fhostóir fostaíocht leanúnach spleách ar do cháilíochtaí breise a fháil agus gur theip ort é seo a bhaint amach, tar éis deis réasúnach tugtha duit é sin a dhéanamh.<br>Tá ceadúnas earraí troma ag tiománaí ach ní fhaigheann sé ceadúnas seirbhíse poiblí.<br>Sampla ag teastáil | 4@5(2+2+1)<br>Bonnfhíochán/forais,<br>Mínigh,<br>Sampla |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **4** | **(B)** | | **Mí-iompar**<br>Iompar míchuí agus do-ghlactha). Féadfaidh rómhí-iompar a bheith ina chúis le dífhostú láithreach gan fógra nó pá in ionad fógra.<br>I measc samplaí de mhí-iompar tá ionsaí, meisceoireacht, gadaíocht, bulaíocht nó sárú tromchúiseach ar pholasaithe agus ar chleachtais d'fhostóra.<br>Is mí-iompar iad miontheagmhais, nuair a thógtar le chéile iad, agus is leor iad chun dhífhostú a éileamh, cé go bhfuil dualgas ar d'fhostóir fógra a thabhairt duit nó íoc in ionad fógra sa chás seo.<br>Sampla ag teastáil<br><br>**Iomarcaíocht**<br>mar gheall ar dhúnadh, iomaíocht, laghdú ar éileamh). Sa chás seo, caithfidh d'fhostóir a léiriú go bhfuil cás iomarcaíochta ann toisc nach bhfuil do phost ag teastáil a thuilleadh agus, dá bhrí sin, go bhfuil an dífhostú cothrom.<br>Ciallaíonn sé sin go bhfuil bonn eacnamaíoch leis an iomarcaíocht; nach dtiocfar i d'ionad.<br>Ní mór nósanna imeachta cothroma a chur i bhfeidhm (e.g. an ceann deireanach isteach agus amach ar dtús).<br>Sampla ag teastáil<br><br>**Cúiseanna dlíthiúla/Sárú ar an dlí**<br>Féadfaidh d'fhostóir thú a bhriseadh más rud é go sáródh d'fhostaíocht leanúnach an dlí.<br>Mar shampla, ní mór ceadúnas tiomána reatha a bheith agat chun oibriú, ach chaill tú do cheadúnas ar chúiseamh tiomána ar meisce. Ní féidir leat leanúint ar aghaidh ag obair gan an dlí a bhriseadh agus d'fhéadfaí a mheas go bhfuil dífhostú cothrom.<br>Mar sin féin, b'fhéidir go mbeifí ag súil go bhféachfadh d'fhostóir ar roghanna eile ag brath ar gach uile fhíric an cháis. Sampla eile a d'fhéadfadh a bheith ann má chuaigh víosa oibre/cead oibre an fhostaí in éag.<br>Sampla ag teastáil | 4@5(2+2+1)<br>Bonnfhíochán/forais,<br>Mínigh,<br>Sampla |

**(C) (i)** Mínigh an téarma caidreamh iomaíoch.

**(ii)** Mínigh na buntáistí a bhaineann gnólacht as caidrimh iomaíocha idir:

- dhá sholáthraí
- beirt fostaithe

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Marcanna |
|---|---|---|---|---|
| **4** | **(C)** | **(i)** | Bíonn caidreamh iomaíoch ann nuair a oibríonn dhá pháirtí nó níos mó i gcoinne a chéile chun sprioc atá comheisiatach ar a chéile a bhaint amach.<br>Is cás é ina chailleann taobh amháin; gnóthaíonn páirtí amháin ar chostas an pháirtí eile. | 3+3 |
| | | **(ii)** | **Praghas amhábhar**<br>B'fhéidir go mbeadh bainisteoir an ghnólachta ábalta praghsanna níos fearr a chaibidliú le soláthraithe nuair a théann dhá sholáthraí in iomaíocht maidir le praghas agus cáilíocht. Is féidir leis an ngnólacht laghdú praghais a bhaint amach nuair a théann soláthraithe in iomaíocht le chéile.<br><br>**Táirgiúlacht a mhéadú/níos mó solúbthachta**<br>Nuair a théann fostaithe in iomaíocht le haghaidh ardú céime, d'fhéadfadh sé go méadódh an táirgiúlacht san ionad oibre mar go mbíonn fostaithe ag iarraidh déanamh níos fearr ná a chéile. Mar gheall air sin is féidir le lucht bainistíochta an ghnólachta táirgiúlacht agus solúbthacht níos fearr a bhaint amach ó na baill foirne. | 2@7(4+3) |

## Ceist 5

**(A)** Pléigh na tosca a bhíonn le cur san áireamh nuair a bhíonn meán éifeachtach cumarsáide á roghnú.

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Marcanna |
|---|---|---|---|---|
| 5 | (A) | | **Teanga Oiriúnach/Soiléireacht**<br>• Má tá an teanga ró-theicniúil nó ró-dheacair do na custaiméirí a thuiscint, d'fhéadfaí an chiall mhícheart a bhaint as an teachtaireacht.<br>• Ní mór don ghnólacht teanga a roghnú a bheidh oiriúnach dá lucht spéise. I gcás custaiméirí, d'fhéadfadh abairtí gairide soiléire agus tacaíochtaí amhairc srl. a bheith oiriúnach do chóimeáil táirgí e.g. pacáistí réidhe.<br>**Rúndacht/Sábháilteacht**<br>• Caithfidh an meán a roghnaítear a bheith oiriúnach don teachtaireacht a thugtar. Má tá an teachtaireacht íogair don pháirtí leasmhara í, m.sh. deireadh a chur le conradh fostaíochta fostaí, bheadh cruinniú níos oiriúnaí ná litir nó ríomhphost.<br>**Costas**<br>• Is toisc an-tábhachtach é costas an phróisis cumarsáide.<br>• D'fhéadfadh POF agus cumarsáid á déanamh aige lena bhainisteoirí ar fud an domhain cruinniú fíorúil a thionól chun costais taistil agus cothaithe a laghdú.<br>**Práinn/Luas/Ceann Scríbe**<br>• Más gá píosa ríthábhachtach eolais a chur in iúl láithreach do sholáthraí, d'fhéadfadh glao gutháin, téacs nó ríomhphost a bheith oiriúnach.<br>• m.sh. chun athrú ar amanna seachadta a shocrú.<br>**Aiseolas/Cruinneas/Taifead**<br>• B'fhéidir go bhfuil an gnólacht ag lorg aiseolais chun beart eile a dhéanamh.<br>• D'fhéadfadh go mbeadh comhfhreagras rialta agus taifid i scríbhinn de dhíth le haghaidh cumarsáide leis na coimisinéirí ioncaim agus sa chás sin is féidir le litreacha gnó agus ríomhphoist eolas foirmiúil faoin bpróiseas aiseolais a chur ar fáil, ag fáil réidh le míthuiscintí.<br>**Tosca ábhartha eile:** Ceanglais dhlíthiúla; Infhaighteacht teicneolaíochta srl. Scileanna Cumarsáide an Ghlacadóra / an cumas freagairt a thabhairt/ ró-ualach eolais. | 4@5(2+3) |

**(B)** Déan anailís LLDB i gcomhair gnólacht de do rogha féin.

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Marcanna |
|---|---|---|---|---|
| 5 | (B) | | **Láidreachtaí:**<br>• Tagraíonn siad sin do thosca inmheánacha dearfacha<br>• Gnéithe a bhfuil an gnólacht go maith ag.<br>• ***Tagairt***<br>**Laigí**<br>• Gné inmheánach den ghnólacht is féidir feabhas a chur uirthi.<br>• Réimsí den ghnó a d'fhéadfaí a fheabhsú.<br>• ***Tagairt***<br><br>**Deiseanna**<br>• Tosca seachtracha a bhféadfadh an gnólacht leas a bhaint astu.<br>• Rudaí a d'fhéadfadh cuidiú leis an ngnólacht fás agus díolacháin a mhéadú.<br>• ***Tagairt***<br><br>**Baol/Bagairtí**<br>Tosca seachtracha - a bhféadfadh drochthionchar a bheith acu ar an ngnólacht.<br>Tosca seachtracha nach bhfuil aon smacht ag an ngnólacht orthu agus a bhféadfadh laghdú ar dhíolacháin a bheith mar thoradh orthu.<br>• ***Tagairt*** | 4@5(2+3)<br>Ainm.<br>Tagairt |

**(C)**

**(i)** Tabhair breac-chuntas ar na himpleachtaí a bhíonn ann nuair a chuireann bainisteoir Teoiric X McGregor i leith na bainistíochta i bhfeidhm.

**(ii)** Mínigh na tosca a mbíonn tionchar acu ar bhainisteoir chun cur chuige Theoiric X i leith na bainistíochta i bhfeidhm.

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Marcanna |
|---|---|---|---|---|
| 5 | (C) | (i) | • **Cóimheastóir:** Coinníonn an bainisteoir smacht/coinbhleacht fhéideartha idir an lucht bainistíochta agus na fostaithe.<br>• **Muinín íseal agus easpa nuálaíochta/infhiontraíochta:** Beagán muiníne/is lú an seans go ndéanfaidh fostaithe rudaí as a stuaim féin.<br>• **Táirgiúlacht Níos Ísle/Drochchinntí mar gheall ar chomhairliúchán teoranta.** Gan aon chomhairliúchán agus cinntí á ndéanamh/táirgiúlacht níos ísle agus cáilíocht níos ísle<br>• **Laghdaítear forbairt fostaithe/easpa oiliúna mar gheall ar tharmligean teoranta:** Beagán tarmligin/níos lú deiseanna d'fhostaithe chun scileanna a fhorbairt agus ardú céime a fháil. | 2@5(2+3) |
| | | (ii) | **Cineál oibre**<br>Nuair is obair ar bheagán oiliúna atá i gceist, d'fhéadfadh an fostaí a chreidiúint go bhfuil an fhoireann leisciúil agus nach maith leo an obair nó nach bhfuil uaillmhian acu, agus seachnóidh siad freagracht a ghlacadh. D'fhéadfadh sé sin tionchar a imirt ar bhainisteoir maidir le cur chuige Theoiric X a ghlacadh.<br><br>**Oiliúint nó easpa oiliúna**<br>Mura bhfuil oiliúint faighte ag an mbainisteoir i dtairbhí cumhachtaithe fostaithe nó i dtairbhí chur chuige éascaithigh maidir le bainistíocht. D'fhéadfadh tionchar a bheith aige sin ar an gcur chuige a ghlacfaidh siad<br><br>**Caidreamh Oibreachais**<br>Má tá droch-chaidreamh tionsclaíoch ann agus má bhí fostaithe páirteach i ndíospóidí caidrimh thionsclaíoch agus má bhíonn drogall orthu glacadh le hathrú san ionad oibre, ansin d'fhéadfadh an bainisteoir cur chuige Theoiric X a ghlacadh maidir le bainistíocht mar gheall ar chineál naimhdeach an chaidrimh.<br><br>**Cás atá le bainistiú**<br>D'fhéadfadh sé go nglacfadh an bainisteoir stíl Theoiric X maidir le bainistíocht i gcás atá íogair ó thaobh ama de, amhail aisghairm phráinneach táirge, chun cinntí gasta a dhéanamh agus chun an tasc a chríochnú a luaithe is féidir. Baineann sé sin freisin le cásanna éigeandála amhail tine in oifig nó sceitheadh ceimiceach i ngléasra táirgthe. | 2@5(2+3) |

## Ceist 6

**(A)** Tabhair breac-chuntas ar na cineálacha árachais ba chóir a bheith ag Óstán na Darach Ríoga.

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Marcanna |
|---|---|---|---|---|
| 6 | (A) | | **Árachas Dliteanais Fostóra**<br>Cosnaíonn sé sin an gnólacht ar éilimh a dhéanann fostaithe a ghortaítear le linn a gcuid oibre. Ba chóir duit a chinntiú go gcuirtear oiliúint ar gach fostaí maidir le nósanna imeachta sláinte agus sábháilteachta agus maidir le húsáid fearais cócaireachta.<br><br>**Árachas Dliteanais Phoiblí**<br>Cosnaíonn sé sin an gnólacht ar éilimh a dhéanann baill den phobal a ghortaítear agus iad ar an áitreabh, amhail gortuithe mar gheall ar sciorradh agus titim. Ba chóir duit a chinntiú go bhfuil comharthaí rabhaidh cuí curtha ar gach urlár nuair a bheidh siad nite chun gortú ar bith a sheachaint.<br><br>**Árachas Dliteanais Táirgí**<br>Cuireann sé sin an gnólacht faoi árachais i gcoinne éilimh a dhéanann custaiméirí a bhaineann leis na táirgí a dhíolann tú amhail éilimh maidir le nimhiú bia. Ba chóir duit a chinntiú go ndéantar an bia uile a chócaráil i gceart ar an áitreabh sula ndéantar é a riar. Ba chóir gach spriocdháta díola ar stoc a sheiceáil agus cloí leo. D'fhéadfaí smaoineamh ar ghineadóir cúltaca i gcás go gcaillfí an leictreachas chun táirgí bia reoite a chosaint. Cinntigh go bhfuil na cáilithe i gceart ag na baill foirne.<br><br>**Árachas iarmhairt chaillteanais/árachas Caillteanais Iarmhartaigh**<br>Is polasaí é Árachas iarmhairt chaillteanais/ árachas Caillteanais Iarmhartaigh a chosnaíonn an gnó i gcoinne caillteanas ioncaim de bharr dúnadh an ghnó nó mura féidir trealamh a úsáid laistigh de mhaoin tráchtála, nó mura féidir an mhaoin féin a úsáid.<br><br>Cinéalacha eile árachais a bhaineann le h'óstán ar nós Óstán na Darach Ríoga.<br>• Árachas Gluaisteán,<br>• Árachas airgid faoi bhealach<br>• Árachas stoic<br>• Árachas na n-áitreabh/na bhfoirgneamh<br>• Árachas Inneachair<br>• Árachas Ráthaíochta Dílseachta<br>• Árachas Plátghloiní | 4@5<br>(4+1),(4+1),<br>(3+2).(3+2)<br><br><br><br><br>Ainm,<br>Míniú, |

**(B)** Pléigh na straitéisí a úsáidtear chun athruithe a bhainistiú i ngnólacht.

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Marcanna |
|---|---|---|---|---|
| 6 | (B) | | **Oiliúint agus Forbairt**<br>• Ní mór na scileanna atá riachtanach chun teicneolaíochtaí nua a úsáid a chur ar fáil don fhoireann chun éifeachtúlachtaí a bhaint amach agus seirbhís níos fearr a sholáthar dá gcustaiméirí.<br>• Méadaíonn oiliúint cumas na foirne déileáil le hathruithe nua agus maolaíonn sé eagla na foirne roimh athruithe nua. Is féidir an oiliúint a sholáthar ar an láthair oibre nó lasmuigh den láthair oibre.<br><br>**Obair foirne**<br>• Nuair a eagraítear fostaithe i bhfoirne, d'fhéadfadh plé, nuálaíocht agus athrú a bheith mar thoradh air sin. Méadaíonn obair foirne cur amach na foirne ar athrú.<br>• Is féidir leis sin drogall maidir le hathruithe a thugann an lucht bainistíochta isteach a mhaolú.<br><br>**Luach saothair**<br>• Trí luach saothair a thabhairt d'fhostaithe, is féidir tionchar a imirt ar iompar agus iad ag iarraidh an luach saothair sin a bhaint amach. • D'fhéadfadh scéim roinnte brabúis a bheith i gceist leis an luach saothair, ionas go spreagfar fostaithe chun oibriú mar go mbainfidh siad cion de na brabúis sin amach.<br><br>**Cumarsáid a dhéanamh leis an bhfoireann faoi na hathruithe.**<br>• Ba chóir don lucht bainistíochta an gá leis na hathruithe agus na hiarmhairtí a bheadh ann mura ndéanfaí aon ghníomh maidir le marthanacht an ghnólachta a chinntiú a mhíniú. Ba chóir go mbeadh an chumarsáid macánta agus oscailte. • Ba chóir na buntáistí a bhaineann leis an athrú a mhíniú don fhoireann. Laghdóidh sé seo éiginnteacht agus teannas i measc fostaithe.<br><br>**Comhairliúchán leis an bhfoireann**<br>• Is féidir a fheiceáil go bhfuil an lucht bainistíochta ag lorg ionchuir ón bhfoireann maidir leis na hathruithe. Tá cead ag an bhfoireann a dtuairimí a thabhairt faoin athrú. Maolaíonn sé sin an drogall mar go dtosaíonn an fhoireann ag múnlú na n-athruithe. • Mar thoradh air sin, is mó seans go nglacfaidh an fhoireann le hathruithe a mholann an lucht bainistíochta.<br><br>**Cur chuige éascaitheora i leith bainistíochta**<br>Ag cuidiú le fostaithe na tascanna a dhéanamh seachas an tasc a rialú. D'fhéadfaí é sin a bhaint amach trí chur chuige daonlathach nó Teoiric Y i leith bainistíochta. Mar thoradh air sin, is mó seans go nglacfaidh an fhoireann le hathruithe a mholann an lucht bainistíochta.<br><br>• **Ceannaireacht a thabhairt le dea-shampla**<br>• **Soláthraí Acmhainní**<br>• **BLC/Cumhachtú** | 4@5(2+3) |

**(C)** Ríomh gach ceann díobh seo a leanas do Gemma. (Taispeáin do chuid oibre)
**(i)** An ÍMAT atá le híoc ag Gemma.
**(ii)** An méid iomlán MSU a íoctar.
**(iii)** An méid iomlán ÁSPC a íoctar.
**(iv)** An pá glan bliantúil a thugann Gemma abhaile.

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | | | | Marcanna |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **6** | **(C)** | | | € | € | € | 20m |
| | | | Olltuarastal | | | 55,000 | |
| | | | Sochar Comhchineáil: | | | 20,000 | |
| | | | Ioncam incháinithe iomlán | | | 75,000 ❶ | |
| | | | | | | | |
| | | | **ÍMAT** | | | | |
| | | | 0·20 x 44,000 | 8,800 ❶ | | | |
| | | | 0·40 x 31,000 ❶ | 12,400 ❶ | 21,200 ❶ | | |
| | | | Creidmheas Cánach Duine Aonair | 1,875 ❶ | | | |
| | | | Creidmheas Cánach Fostaithe | 2,000 ❶ | (3,875) ❶ | | |
| | | **(i)** | **An ÍMAT atá le híoc ag Gemma:** | | | **17,325** ❷ | 10m |
| | | | | | | | |
| | | | **MSU** | | | | |
| | | | 0·005 x 12,012 | | 60·06 ❶ | | |
| | | | 0·02 x 9,281 | | 185·62 ❶ | | |
| | | | 0·03 x 53,707 ❶ | | 1,611·21 ❶ | | |
| | | **(ii)** | **An méid iomlán MSU a íoctar:** | | | **1,856·89** ❷ | 6m |
| | | | | | | | |
| | | | **ÁSPC** | | | | |
| | | | 0·04 x 75,000 | | 3,000 | | |
| | | **(iii)** | **An méid iomlán ÁSPC a íoctar** | | | **3,000** ❷ | 2m |
| | | | | | | | |
| | | | **An pá glan bliantúil a thugann Gemma abhaile** | | | | |
| | | | Asbhaintí iomlána: | | | 22,181·89 ❶ | |
| | | | | | | | |
| | | | Olltuarastal | | | 55,000 | |
| | | | Lúide Asbhaintí Iomlána | | | 22,181·89 | |
| | | **(iv)** | **Pá glan bliantúil a thógtar abhaile** | | | **€32,818·11** ❶ | 2m |
| | | | | | | | |
| | | | Tá na figiúirí féin aibhsithe. | | | | |

## Ceist 7

**(A)** Pléigh na buntáistí **agus** na míbhuntáistí a bhaineann le héadáil (táthcheangal) mar mhodh leathnaithe gnólachta.

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Marcanna |
|---|---|---|---|---|
| **7** | **(A)** | | <u>**Buntáistí**</u><br><br>**Scaiptear Riosca**<br>Trí éagsúlú a dhéanamh i dtáirgí nó i margaí nua, scaipeann sé riosca don ghnólacht fála.<br><br>**Barainneachtaí Scála**<br>Baineann an gnólacht níos mó tairbhe as lascainí ó sholáthraithe mar gheall ar bhulc-cheannach. Laghdaíonn sé sin costais ghnó.<br><br>**Táirgí Nua**<br>D'fhéadfaí táirgí nua a fhorbairt níos tapúla a bheith mar thoradh ar acmhainní comhcheangailte na ngnólachtaí. D'fhéadfadh sé sin díolacháin agus brabúis gnólachta a mhéadú.<br><br>**Níos tapúla ná iomaíocht orgánach**<br>Nuair a ghlactar seilbh ar ghnólacht eile, faightear na custaiméirí, na hacmhainní, an stoc agus na fostaithe láithreach.<br><br><u>**Míbhuntáistí**</u><br><br>**Costais/Costasach**<br>D'fhéadfadh sé a bheith costasach don ghnólacht fála toisc go bhféadfadh go mbeadh gá le méid mór caipitil chun an táthcheangal a mhaoiniú.<br><br>**Iomarcaíocht Ball Foirne**<br>D'fhéadfadh sé go mbeadh an iomarca baill foirne ag déanamh na ndualgas céanna nuair a ghlacann gnólacht amháin seilbh ar ghnólacht eile. Beidh gá le hiomarcaíocht ball foirne chun costais ghnó a laghdú.<br><br>**Caidreamh Tionsclaíoch**<br>D'fhéadfadh sé go mbeadh roinnt baill foirne míshásta leis an táthcheangal agus le hiomarcaíocht fhéideartha. D'fhéadfadh méadú ar an dóchúlacht go dtarlóidh coinbhleacht caidrimh thionsclaíoch sa ghnólacht mar thoradh air sin. | 4@5(2+3)<br><br><u>Dhá cheann den dá acu de dhíth</u> |

**(B)** Léirigh **ceithre** chéim, seachas seoladh, a d'fhéadfadh Glanbia a úsáid chun táirge nua a fhorbairt.

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Marcanna |
|---|---|---|---|---|
| 7 | (B) | | **Giniúint Smaointe:**<br>Cruthaítear smaointe tosaigh don táirge nua. Is féidir leis teacht ó fhoinsí inmheánacha nó ó fhoinsí seachtracha. D'fhéadfadh smaoineamh teacht ó ransú smaointe.<br>Tagairt do Ghlanbia ag teastáil.<br><br>**Scagadh Táirgí**<br>Déantar na smaointe a scagadh/a shórtáil agus baintear na smaointe neamhphraiticiúla agus do-oibrithe amach, agus fágtar an ceann is dóchúla lena scrúdú agus lena fhorbairt tuilleadh.<br>Tagairt do Ghlanbia ag teastáil.<br><br>**Forbairt Coincheapa**<br>Is éard atá i gceist leis seo ná fíortháirge nó fíorsheirbhís a dhéanamh den smaoineamh a thaitneoidh le custaiméirí. Baineann an chéim seo le gnéithe den smaoineamh a aithint. Sainaithnítear gné uathúil dhíolacháin (USP), rud a dhéanfaidh é a idirdhéalú ó tháirgí eile.<br>Tagairt do Ghlanbia ag teastáil.<br><br>**Staidéar Féidearthachta/ Indéantachta**<br>Déantar é seo chun a mheas an bhfuil táirge inmharthana. Breathnaíonn sé ar cé acu an féidir é a tháirgeadh go teicniúil agus an mbeidh sé brabúsach. Freagraíonn sé ceisteanna amhail: Cén t-éileamh atá ann? Cá mhéad a chosnóidh sé srl?<br>Tagairt do Ghlanbia ag teastáil.<br><br>**Forbairt Fréamhshamhla / Fréamhshamhail**<br>Is sampla nó samhail oibre táirge é seo. Déantar é a tháirgeadh lena fháil amach an féidir táirge a dhéanamh agus cad iad na hábhair atá riachtanach chun é a dhéanamh. Is féidir é a úsáid chun an táirge a thástáil lena fheiceáil cad iad na feabhsuithe is féidir a dhéanamh.<br>Tagairt do Ghlanbia ag teastáil.<br><br>**Margaíocht Tástála**<br>Baintear triail as an táirge ar shampla de thomhaltóirí sula dtéitear i mbun táirgthe lánscála.<br>Tagairt do Ghlanbia ag teastáil. | 4@5(2+2+1)<br>Ainm,<br>Mínigh,<br>Tagairt/<br>Sampla |

**(C)** Pléigh an chaoi a bhféadfadh Iompar Rosc Teo. úsáid a bhaint as foinsí airgeadais meántéarmacha éagsúla le haghaidh a gcuid riachtanas meántéarmach.

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Marcanna |
|---|---|---|---|---|
| 7 | (C) | | Is meánfhoinse mhaoinithe é **Ceannach ar Cíos/Cíos cheannach/Fruilcheannach** lena mbaineann comhaontú trí pháirtí idir miondíoltóir, cuideachta airgeadais agus ceannaitheoir. Íocann an chuideachta airgeadais an miondíoltóir as an tsócmhainn, faigheann an ceannaitheoir an tsócmhainn láithreach agus aisíocann sé an cuideachta airgeadais i dtráthchodanna rialta. Tá ús san áireamh agus tá éarlais agus íocaíocht deiridh ag teastáil. Ní leis an gceannaitheoir an tsócmhainn go dlíthiúil go dtí go n-íocfar an tráthchuid dheireanach.<br><br>**Iasacht mheántéarmach**<br>Is meánfhoinse mhaoinithe í seo i gcás go soláthraíonn institiúid airgeadais caipiteal d'iasachtaí. Aisíocann an t-iasachtaí an caipiteal le hús thar 1-5 bliana in aisíocaíochtaí rialta.<br><br>**Léasú**<br>Trí léasú, faigheann an gnólacht sócmhainní seasta, ach ní gá go gceannaíonn sé iad, thar an meántéarma. Is cineál fruilithe é sin trína gcomhaontaítear conradh idir cuideachta léasaithe (an léasóir) agus an gnólacht (an léasaí). Íocann an léasaí ioncam cíosa chun sócmhainní a fháil ar cíos ón léasóir. | 3@5(3+3)<br>Foinse,<br>Mínigh |
| | | | **Riachtanais maidir le hiasacht mheántéarmach:**<br>Flít atá ag dul in aois<br>Córas TF as dáta | 2@1m |

## Ceist 8

**(A)** **(i)** Mínigh an téarma punann táirgí.

**(ii)** Léirigh na modhanna éagsúla a bhaineann le deighilt an mhargaidh a úsáideann gnólachtaí ar nós Proctor agus Gamble.

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Marcanna |
|---|---|---|---|---|
| 8 | (A) | (i) | **Bailiúchán/raon** is ea punann táirgí de na táirgí agus na seirbhísí go léir a chuireann cuideachta **ar fáil lena díol** dá custaiméirí. | 6(3+3) |
| | | (ii) | **Deighilt dhéimeagrafach**<br>• Déantar anailís ar thomhaltóirí de réir aoise, inscne, méid an teaghlaigh, ioncaim, ceirde.<br>• I gcás ollmhargaíochta, tá déimeagrafaíocht ar cheann de na bealaí is fearr toisc go bhfuil aois, inscne agus ioncam ag gach duine.<br>• Sampla ag teastáil<br><br>**Deighilt gheografach**<br>• Déantar anailís ar thomhaltóirí de réir suímh, contae/réigiúin/tíre srl.<br>• Trí úsáid a bhaint as deighiltí amhail uirbeach i gcomparáid le tuaithe, thuaidh i gcomparáid le theas, cóstaí farraige i gcomparáid le lár na tíre, te i gcomparáid le fuar, is féidir leis an ngnólacht straitéis mhargaíochta a dhearadh chun na margaí sprice roghnaithe a shásamh.<br>• Sampla ag teastáil<br><br>**Síceolaíoch**<br>• Déantar anailís ar thomhaltóirí de réir stádas sóisialta, stíl mhaireachtála agus cineál pearsantachta.<br>• Dearcthaí - imní maidir le táirgeadh.<br>• Stíleanna maireachtála – aireach faoi shláinte<br>• Sampla ag teastáil<br><br>**Iompar**<br>• Déantar anailís ar an tomhaltóir de réir a n-eolais agus a ndearcaidh maidir le húsáid an táirge, tob-cheannach/luach ar airgead (praghsanna speisialta), pacáistí bronntanais de/di.<br>• Sampla ag teastáil | 2@7(2+3+2)<br>Modh,<br>Mínigh,<br>Sonraí |

**(B)** Déan cur síos ar na cúiseanna a ndéanann gnólacht taighde margaidh.


| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Marcanna |
|---|---|---|---|---|
| **8** | **(B)** | | **Léirítear méid an mhargaidh**<br>Léiríonn taighde margaidh méid an mhargaidh agus líon na gcustaiméirí ionchasacha. Léireoidh taighde an bhfuil an margadh ag méadú, ag laghdú nó marbhánta.<br><br>**Laghdaítear rioscaí agus is féidir costais a laghdú**<br>Aithníonn taighde margaidh na dúshláin a d'fhéadfadh a bheith roimh ghnó agus tugann sé deis pleananna a chur i bhfeidhm maidir le conas bacainní a shárú.<br><br>**Aithnítear iomaitheoirí**<br>Aithníonn taighde margaidh cé hiad iomaitheoirí gnólachtaí sa mhargadh agus cad é a mbuntáiste iomaíoch.<br><br>**Déantar freagracht tomhaltóirí a thástáil**<br>Is féidir le taighde margaidh cuidiú le gnólacht cad atá de dhíth ar thomhaltóirí i dtáirge agus a dtuairimí ar fhréamhshamhlacha nó ar smaointe táirgí a dhéanamh amach. Cuidíonn sé sin le gnólacht aiseolas a fháil ar phacáistiú táirge, brandáil, praghsáil, gnéithe an táirge nó na seirbhíse.<br><br>**Tuartar díolacháin**<br>Is féidir le taighde margaidh an leibhéal díolacháin is dócha a bheidh ann do tháirge a mheas agus dá bhrí sin an leibhéal táirgeachta a bheidh ag teastáil a mheas. | 3@5(3+2) |

**(C)** Bain úsáid as cairt chóimheá chun an méid seo a leanas a léiriú:

**(i)** An pointe cóimheá

**(ii)** An lamháil sábháilteachta ar an aschur tuartha

**(iii)** An brabús ar an aschur tuartha.

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Marcanna |
|---|---|---|---|---|
| 8 | (C) | |  | <u>Cairt Chóimheá/meá ar mheá:</u><br><br>Teideal 2m<br>Ais 1m<br>Ais 1m<br><br>CS 3m<br>CI 3m<br>II 3m<br><br>PMM 4m<br>Brabús ag AT 4m<br>LS 4m<br><br>**NÓ**<br><br><u>Ríomhanna amháin:</u><br><br>PMM 4m<br>Brabús ag AT 4m<br>LS 4m |
| | | (i) | Pointe Cóimheá/meá ar mheá = 600,000 ÷ (10-5)<br>= **<u>120,000 aonad</u> nó <u>€1,200,000 díolacháin</u>** ❹ | |
| | | (ii) | Lamháil Sábháilteachta = 200,000 – 120,000<br>= **<u>80,000 aonad</u>** ❹ | |
| | | (iii) | An brabús ag an aschur tuartha = 2,000,000 - (600,000 + 1,000,000)<br>= **<u>€400,000</u>** ❹ | |